GA 2023

16

Tuarascáil speisialta

# Bainistíocht fiachais NGEU ag an gCoimisiún

## Tús spreagúil, ach is gá é a ailíniú tuilleadh le dea-chleachtas

CÚIRT
INIÚCHÓIRÍ
NA hEORPA

# Ábhar


| | Alt |
|---|---|
| **Achoimre feidhmiúcháin** | I-VIII |
| **Réamhrá** | 01-15 |
| Cúlra chlár cistiúcháin NextGenerationEU | 01-07 |
| Príomhróil agus príomhfhreagrachtaí i gcistiú NGEU | 08-11 |
| Idirbhearta iasachtaíochta go dtí deireadh Mheitheamh 2022 | 12-15 |
| **Scóip agus cur chuige na hiniúchóireachta** | 16-20 |
| **Barúlacha** | 21-88 |
| Leis na struchtúir agus na hinniúlachtaí nua, bhíothas in ann tús a chur le cistiú NGEU go tapa, ach ní mór iad a threisiú | 21-44 |
| Is gá coigeartú a dhéanamh ar acmhainní bainistíochta fiachais an Choimisiúin a bunaíodh go tapa chun dea-chleachtas a chomhlíonadh | 22-36 |
| D'úsáid an Coimisiún critéir fhónta chun príomhsholáthraithe seirbhíse seachtracha a roghnú | 37-44 |
| Fuair an Coimisiún na cistí ar iasacht in am, i gcomhréir le teorainneacha rialála agus ar chostais a fhreagraíonn dá shuíomh margaidh | 45-72 |
| Chuir an Coimisiún a riachtanais iasachtaíochta in iúl ar bhealach maith, agus chomhlíon sé na príomhcheanglais rialála maidir le fiachas NGEU | 46-58 |
| Léiríonn na costais iasachtaíochta dálaí an mhargaidh, agus an cuspóir chun cistiúchán leordhóthanach a chur ar fáil in am | 59-72 |
| Bhí teorainn le tomhas agus tuairisciú an Choimisiúin ar fheidhmíocht bainistíochta fiachais NGEU | 73-88 |
| Níl cuspóirí bainistíochta fiachais leagtha amach go soiléir, rud a chuireann teorainn le feidhmíocht a thuairisciú | 74-85 |
| Níor doiciméadaíodh go comhsheasmhach anailísí an Choimisiúin is bun leis na cinntí maidir le praghsáil agus aibíocht bannaí | 86-88 |
| **Conclúidí agus moltaí** | 89-97 |

Iarscríbhinní

Iarscríbhinn I – Príomhróil agus príomhfhreagrachtaí maidir le bainistíocht fiachais sa Choimisiún

Iarscríbhinn II – Cineálacha riosca i mbainistíocht fiachais NGEU

Iarscríbhinn III – Idirbhearta iasachtaíochta NGEU arna roghnú le haghaidh anailíse

Iarscríbhinn IV – Tuarascálacha ón gCoimisiún maidir le dliteanais an Aontais a eascraíonn as idirbhearta iasachtaíochta go dtí an 30 Meitheamh 2022

Giorrúcháin

Gluais

Freagraí ón gCoimisiún

Amlíne

An fhoireann iniúchóireachta

# Achoimre feidhmiúcháin

**I** I Meithimh 2021, sheol an Coimisiún an clár iasachtaí is mó i stair an Aontais. Baileoidh NextGenerationEU, a mhaoinítear go hiomlán trí fhiachas, suas le €806.9 billiún faoi 2026 trí bhannaí AE a eisiúint. Le tabhairt isteach NextGenerationEU, ceanglaíodh ar an gCoimisiún straitéis nua maidir le bainistíocht fiachais, nósanna imeachta, struchtúr eagraíochtúil agus creat bainistíochta riosca a fhorbairt go práinneach. Chuir sé de cheangal air freisin dul i bpáirtíocht le roinnt soláthraithe seirbhíse seachtracha. Tugann an Coimisiún ‘straitéis chistiúcháin éagsúlaithe’ ar a chur chuige nua maidir le bainistíocht fiachais.

**II** Ó Nollaig 2022, rinneadh cur chuige réamhshocraithe an Aontais maidir le bainistíocht fiachais den straitéis chistiúcháin éagsúlaithe. Leis an tuarascáil seo, tá sé mar aidhm againn rannchuidiú le bainistíocht fhónta airgeadais i dtaca leis na hoibríochtaí bainistíochta fiachais. Chun an méid sin a bhaint amach, rinneamar measúnú féachaint ar fhorbair an Coimisiún córais éifeachtacha chun bainistíocht a dhéanamh ar an bhfiachas a gineadh chun NGEU a mhaoiniú.

**III** Thángamar ar an gconclúid go ndearna an Coimisiún córas bainistíochta fiachais a fhorbairt go tapa, rud a d’fhág go rabhthas in ann na cistí a bhí ag teastáil do NextGenerationEU a fháil ar iasacht go tráthúil. Sa chomhthéacs sin, measaimid gur léirigh na costais iasachtaíochta seasamh an Choimisiúin sa mhargadh sa chéad bhliain oibríochta. Chomh maith leis sin, chomhlíon an Coimisiún na príomhcheanglais rialála go léir a bhaineann le punann fiachais agus bainistíocht riosca. Mar sin féin, fuaireamar amach gur gá coigeartú a dhéanamh ar roinnt socruithe de chuid an Choimisiúin maidir le bainistíocht fiachais chun go mbeidís ag déanamh de réir an dea-chleachtais. Fuaireamar amach freisin nach raibh cuspóirí bainistíochta fiachais leagtha amach go soiléir ag an gCoimisiún. Dá thoradh sin, bhí teorainn leis an tomhas agus an tuairisciú a rinneadh ar fheidhmíocht bainistíochta riosca i gcás NextGenerationEU.

**IV** In ainneoin cúinsí dúshlánacha, bhunaigh an Coimisiún croífhoireann oilte a raibh taithí acu. Braitheann sí go mór ar fhoireann shealadach chun a cuid oibríochtaí fiachais a bhainistiú áfach. D’fhéadfadh sé sin leanúnachas gnó a chur i mbaol. Tá an creat bainistíochta riosca is gá bunaithe ag an gCoimisiún le haghaidh gníomhaíochtaí bainistíochta fiachais NextGenerationEU. Áirítear leis an gcreat sin feidhm nuachruthaithe an Phríomhoifigigh Riosca le haghaidh gach clár iasachtaíochta. Níl ach foireann bheag ag tacú leis an bPríomhoifigeach Riosca, áfach, agus tá freagrachtaí oibríochtúla breise ar an duine sin seachas bainistíocht riosca.

**V** Fuaireamar amach gur chomhlíon punann fiachais NextGenerationEU na ceanglais rialála a bhaineann le huasteorainneacha iasachtaíochta, airgeadra na n-idirbheart iasachtaíochta, agus an mheán-aibíocht uasta. Rinne an Coimisiún cumarsáid mhaith leis na margaí caipitil agus le Ballstáit an Aontais maidir lena phleananna iasachtaíochta a chur in iúl, agus rinne sé bainistiú ar leachtacht chuntas bainc NextGenerationEU ar bhealach éifeachtúil. Bhí forbairt ar na torthaí margaidh do bhannaí NextGenerationEU inchomparáide leis na torthaí margaidh do bhannaí na mBallstát, a bhfuil rátálacha creidmheasa comhchosúla acu.

**VI** Fuaireamar amach nár chuir an reachtaíocht ábhartha ná straitéis chistiúcháin an Choimisiúin ceanglas soiléir ar an gCoimisiún chun tuairisciú a dhéanamh ar fheidhmíocht a ghníomhaíochtaí bainistíochta fiachais. Mar thoradh air sin, tá an Coimisiún freagrach go príomha as méid leordhóthanach cistí a chur ar fáil in am trátha chun NextGenerationEU a mhaoiniú. Tá cuntasacht maidir le cuspóirí eile a bhaineann le bainistíocht fiachais NextGenerationEU fós doiléir. Níl doiciméadú comhsheasmhach déanta ag an gCoimisiún ar an mbonn ar ar sroicheadh cinntí maidir le praghsáil agus aibíocht bannaí sindeacáite.

**VII** Tuairiscíonn an Coimisiún go bliantúil ar cén chaoi a seasann na bearta atá á maoiniú ag bannaí glasa NextGenerationEU i gcomparáid leis na gníomhaíochtaí geilleagair a leagtar amach i gcóras aicmithe inbhuanaitheachta an Aontais, sin le rá Tacsanomaíocht an Aontais. Ní dhéanann an Coimisiún tuairisciú, áfach, ar chion na bhfáltas ó bhannaí glasa NextGenerationEU a chaitear go fírinneach i gcomhréir le Tacsanomaíocht an Aontais.

**VIII** Molaimid gur cheart don Choimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- feidhm lároifige ar leith a bhunú chun feabhas a chur ar a chumas anailíseach, a chumas meastóireachta riosca, agus a chumas tuairiscithe;
- ról an Phríomhoifigigh Riosca a threisiú chun a áirithiú go mbeidh an t-oifigeach in ann sainordú an róil a chomhlíonadh go héifeachtach agus go héifeachtúil;
- straitéis lucht saothair a chur chun feidhme don fhoireann a bhíonn ag déileáil le bainistíocht fiachais;
- cuspóirí soiléire maidir le bainistíocht fiachais a fhoirmliú agus tuairisciú a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht maidir lena gcur chun feidhme;
- an bonn le haghaidh cinntí praghsála a dhoiciméadú ar bhealach comhsheasmhach nuair a dhéantar sindeacáitiú ar bhannaí AE.

# Réamhrá

## Cúlra chlár cistiúcháin NextGenerationEU

**01** I Nollaig 2020, thug an Chomhairle an chumhacht[1] don Choimisiún cistí a fháil ar iasacht ar mhargaí caipitil thar ceann an Aontais (suas le €806.9 billiún i bpraghsanna reatha) le haghaidh chlár NextGenerationEU (NGEU). Tá sé beartaithe leis an gclár aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim eacnamaíoch agus shóisialta arb í paindéim COVID-19 is cúis léi. Tagann cistí NGEU sa bhreis ar bhuiséad fadtéarmach an Aontais de €1 211 bhilliún do 2021-2027. Féach ***Fíor 1***.

### Fíor 1 – Buiséad an Aontais 2021-2027 agus NGEU




*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí ón gCoimisiún.

**02** Maoiníonn clár NGEU téarnamh iarphaindéime, chomh maith leis an gclaochlú glas agus digiteach do gheilleagar na hEorpa, agus is ionann an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) agus 90 % dá bhuiséad iomlán. Úsáidfidh an Coimisiún na cistí a fuarthas ar iasacht le haghaidh iasachtaí do Bhallstáit agus, den chéad uair riamh i stair an Aontais, le haghaidh deontais (féach ***Fíor 2***). Beidh an méid iarbhír a gheobhaidh an Coimisiún ar iasacht le haghaidh NGEU ag brath go príomha ar chur chun feidhme RRF ag na Ballstáit.

[1] Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh.

### Fíor 2 – Dáileadh NGEU




*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí ón gCoimisiún.

**03** Thar thréimhse 40 bliain, tá roinnt clár iasachtaithe reáchtáilte ag an gCoimisiún trí 'chistiúchán droim-le-droim' a chur i bhfeidhm – córas ina bhfuil gach idirbheart iasachtaíochta aonair nasctha le heisíocaíocht aonair. Leis an gcóras sin, tá maoiniú in-aisíoctha faighte ag tíortha is tairbhithe ag an spriocdháta costais agus aisíocaíochta céanna (aibíocht) agus atá ag bannaí tiomnaithe an Aontais a d'eisigh an Coimisiún. I ***dTábla 1***, léirítear na méideanna a fuair an Coimisiún ar iasacht tríd an gcur chuige sin a úsáid.

### Tábla 1 – Iasachtaí droim-le-droim ag an gCoimisiún suas le 30 Meitheamh 2022

| Cláir iasachtaíochta | An fiachas uasta a cheadaítear faoin gclár | Méideanna le híoc d'fhiachas an Aontais an 30.6.2022 |
|---|---|---|
| Tacaíocht chun Rioscaí Dífhostaíochta a mhaolú i gcás Éigeandála (SURE) | €100 billiún | €91.8 billiún |
| An Sásra Cobhsaíochta Airgeadais Eorpach (EFSM) | €60 billiún | €46.3 billiún |
| An tSaoráid faoi chomhair Chomhardú na nÍocaíochtaí (Saoráid Cúnaimh BOP) | €50 billiún | €0.2 billiún |
| Cúnamh Macrairgeadais (MFA) | Ag brath ar theorainneacha buiséid an Aontais | €8.9 billiún |
| Euratom | €4 bhilliún | €0.3 billiún |
| **Iomlán** | | **€147.5 billiún** |

*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí ón gCoimisiún Eorpach agus ó Pharlaimint na hEorpa.

**04** D'fhonn riachtanais chistiúcháin i bhfad níos mó nach bhfuil chomh hintuartha céanna a shásamh faoi NGEU, in Aibreáin 2021 ghlac an Coimisiún straitéis chistiúcháin nua chun NextGenerationEU a mhaoiniú ('straitéis chistiúcháin NGEU'), nach ionann í agus cistiúchán droim-le-droim. Le straitéis cistiúcháin NGEU, tugtar isteach cur chuige nua – an 'straitéis cistiúcháin éagsúil' – lena ndéantar uainiú, méid agus aibíocht na n-idirbheart iasachtaíochta a dhíchúpláil ó uainiú eisíocaíochtaí na gcistí sin. Léiríonn ***Tábla 2*** an chomparáid idir an dá chur chuige.

### Tábla 2 – Difríochtaí i gcineálacha cur chuige cistiúcháin a úsáideann an Coimisiún

| Critéar | Cistiúchán droim-le-droim | Cistiúchán éagsúlaithe |
|---|---|---|
| ***Ionstraimí cistiúcháin*** | Bannaí fadtéarmacha AE den chuid is mó | Bannaí fadtéarmacha AE agus billí gearrthéarmacha AE araon |
| ***Modh cistiúcháin*** | Sindeacáití bannaí agus socrúcháin phríobháideacha araon | Meascán de shindeacáití bannaí, ceantanna agus socrúcháin phríobháideacha |
| ***Uainiú na n-eisiúintí*** | Arna chinneadh go hiomlán de réir riachtanais an tairbhí | Solúbtha agus gan a bheith cinnte de réir riachtanais an tairbhí |
| ***Eisíocaíochtaí le tairbhithe*** | Tá eisíocaíocht nasctha le hidirbheart iasachta aonair | Níl baint ag am ná méid na heisíocaíochta le hidirbheart iasachta aonair |
| ***Fáltais a bhainistiú*** | Aistrítear fáltais go díreach chuig tairbhithe | Comhthiomsaítear na fáltais le chéile agus sealbhaítear iad i gcuntas bainc láraithe go dtí go n-eisíocfar iad |
| ***Costais iasachtaíochta a ríomh*** | Mar an gcéanna leis na costais iasachtaíochta a bhaineann leis na bannaí tiomnaithe AE a eisíodh | Bunaithe ar chostais na n-idirbheart iasachtaíochta uile laistigh de thréimhse ama sé mhí |
| ***Ráthaíocht na n-iasachtaíochtaí*** | Buiséad an Aontais agus an Ciste don Soláthar Coiteann | Buiséad an Aontais agus gealltanas na mBallstát chun cistí breise suas le 0.6 % dá n-ollioncam náisiúnta (OIN) a chur ar fáil, más gá |

*Foinse:* CIE, bunaithe ar fhaisnéis ón gCoimisiún.

**05** I Nollaig 2022, ghlac na húdaráis reachtacha an togra ón gCoimisiún chun an Rialachán Airgeadais[2] a leasú d’fhonn modh iasachtaíochta réamhshocraithe an Aontais a dhéanamh den straitéis chistiúcháin éagsúlaithe – a forbraíodh le haghaidh NGEU. Inár dtuairim maidir leis an togra sin[3], chinneamar go raibh tairbhí ag baint leis an aistriú atá beartaithe ó chistiúchán droim-le-droim i dtreo na straitéise cistiúcháin éagsúlaithe, ach go bhféadfadh aistriú rioscaí chuig buiséid an Aontais amach anseo a bheith ag baint leis freisin.

[2] Rialachán (AE, Euratom) 2022/2434 maidir le straitéis chistiúcháin éagsúlaithe a bhunú mar mhodh ginearálta iasachtaíochta.

[3] Tuairim 07/2022 maidir leis an togra le haghaidh straitéis chistiúcháin éagsúlaithe a bhunú mar mhodh ginearálta iasachtaíochta.

**06** I Meitheamh 2021, d'eisigh an Coimisiún na chéad urrúis fiachais NGEU. Faoi dheireadh 2021, bhí an tAontas ar cheann de na heisitheoirí fiachais is mó san Eoraip. Féach ***Fíor 3*** le haghaidh mionsonraí.

### Fíor 3 – Eisitheoirí móra fiachais san Aontas in 2019, 2020 agus 2021




*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí ón gCoimisiún.

**07** Ráthaíonn 'lamháltas' bhuiséad an Aontais fiachas NGEU, is é sin le rá an difríocht idir uasteorainn acmhainní dílse AE[4] agus na hacmhainní dílse atá riachtanach chun buiséad an Aontais a mhaoiniú. Tríd an gcinneadh ón gComhairle maidir le hacmhainní dílse a dhaingniú, chomhaontaigh na Ballstáit in 2021 acmhainní airgid breise a chur ar fáil trí uasteorainn mhéadaithe na n-acmhainní dílse, go dtí 0.6 % dá OIN, go dtí deireadh 2058. Is féidir leis an gCoimisiún na hacmhainní sin a úsáid mura bhfuil buiséad an Aontais leordhóthanach chun dliteanais a eascraíonn as fiachas NGEU a chumhdach. Tagann na hidirbhearta iasachtaíochta faoi raon feidhme an chur chun feidhme bhuiséadaigh de réir bhrí an Rialacháin Airgeadais. Ceanglaítear leis sin freisin straitéis chistiúcháin NGEU a chur chun feidhme i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais.

---

4 Airteagal 6 de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh.

## Príomhróil agus príomhfhreagrachtaí i gcistiú NGEU

**08** Bhí gá le socruithe eagraíochtúla nua agus nósanna imeachta nua maidir le bainistíocht fiachais chun an straitéis mhaoinithe éagsúlaithe a chur chun feidhme. D'eisigh an Coimisiún roinnt cinntí lena n-athraítear struchtúr agus inniúlachtaí Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid (AS BUDG), lenar bunaíodh nósanna imeachta tuairiscithe agus leithdháilte costas, agus lenar cuireadh líonra príomhdhéileálaithe an Aontais (PDN) i bhfeidhm. Ghlac an Coimisinéir atá freagrach as buiséad an Aontais an Beartas Ardleibhéil Riosca agus Comhlíontachta (HLRCP), a raibh feidhm aige maidir le fiachas NGEU. Chuir AS BUDG nósanna imeachta inmheánacha chun feidhme maidir le bainistíocht leachtachta, sindeacáití agus ceantanna bannaí.

**09** Comhlíonann AS BUDG príomhfheidhmeanna bhainistíocht fiachais NGEU, lena n-áirítear an oifig thosaigh, an chúloifig, an tseirbhís dlí agus feidhm nua an Phríomhoifigigh Riosca (CRO). In ***Iarscríbhinn I***, tugtar tuairisc ar na príomhfhreagrachtaí i struchtúir bhainistíochta fiachais an Choimisiúin.

**10** I ***bhFíor 4***, léirítear na príomhróil agus na príomhfhreagrachtaí sa phróiseas chun clár NGEU a chistiú trí bhannaí NGEU a eisiúint.

## Fíor 4 – Príomhróil agus príomhfhreagrachtaí maidir le bannaí NGEU a eisiúint




*Foinse:* CIE, bunaithe ar fhaisnéis ón gCoimisiún.

**11** In éineacht le straitéis chistiúcháin NGEU, d'fhorbair an Coimisiún modh nua le haghaidh leithdháileadh na gcostas iasachtaíochta idir buiséad an Aontais agus na Ballstáit[5]. Déanann sé nasc idir na hiasachtaíochtaí agus na heisíocaíochtaí a tharlaíonn laistigh de na tréimhsí ama sé mhí céanna. Íocann na tairbhithe costas an chistithe a chomhfhreagraíonn don chostas a tabhaíodh laistigh den tréimhse sé mhí de chistí a fuarthas ar iasacht a d'úsáid siad. Faoin nós imeachta sin, íocann na Ballstáit as costais iasachtaí RRF a fuarthas, cé go n-íocann buiséad an Aontais as na costais a bhaineann leis na deontais NGEU go léir. I ***bhFíor 5***, déantar cur síos ar na cineálacha costas faoi straitéis chistiúcháin NGEU.

### Fíor 5 – Na cineálacha costas iasachtaíochta faoin straitéis chistiúcháin éagsúlaithe




*Foinse:* CIE, bunaithe ar fhaisnéis ón gCoimisiún.

[5] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1095 ón gCoimisiún maidir le leithdháileadh na gcostas iasachtaíochta agus bainistíochta fiachais faoi NGEU.

## Idirbhearta iasachtaíochta go dtí deireadh Mheitheamh 2022

**12** Bhí an Coimisiún in ann tús a chur le hidirbhearta iasachtaíochta NGEU tar éis theacht i bhfeidhm an chinnidh ón gComhairle maidir le hacmhainní dílse an Aontais an 1 Meitheamh 2021. Ón 15 Meitheamh 2021[6] go dtí deireadh Mheitheamh 2022, rinne an Coimisiún 65 idirbheart iasachtaíochta NGEU, arb ionann iad agus €195 bhilliún. Ba in euro a bhí gach idirbheart iasachtaíochta. Bhí na heisiúintí fadtéarmacha aonair idir €2.5 billiún agus €20 billiún. I ***bhFíor 6***, cuirtear faisnéis ar fáil faoi chineálacha agus méideanna na n-idirbhearta iasachtaíochta NGEU go léir sa tréimhse sin.

[6] Suíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh: Sonraí na n-idirbheart.

## Fíor 6 – Idirbhearta iasachtaíochta NGEU go dtí an 30 Meitheamh 2022




D'úsáid an Coimisiún **ceithre chineál éagsúla** idirbheart iasachtaíochta NGEU:

**1 Sindeacáití bannaí**

- idirbheart amháin nó péire in aghaidh na míosa;
- forghníomhaítear é le príomhdhéileálaithe roghnaithe;
- táille shindeacáitithe bunaithe ar mhéid na n-idirbheart;
- úsáidtear é chun NGEU a chistiú.

**2 Ceantanna bannaí**

- idirbheart amháin nó péire in aghaidh na míosa;
- is féidir le príomhdhéileálaithe AE tairiscint a dhéanamh ar ardán ceant tiomnaithe;
- glactar le tairiscintí ón toradh is ísle go dtí go mbaintear amach an méid is gá;
- ní íoctar aon táilli leis na príomhdhéileálaithe;
- úsáidte chun NGEU a chistiú.

**3 Ceantanna billí**

- urrúis fiachais a bhfuil aibíocht suas go dtí 12 mhí acu;
- dhá idirbheart in aghaidh na míosa go hiondúil;
- an próiseas tairisceana céanna le ceantanna bannaí;
- úsáidtear é le haghaidh bhainistíocht leachtachta.

**4 Idirbhearta margaidh airgid**

- buanaithe ar thrí líne creidmheasa gearrthéarmacha le hinstitiúidí móra airgeadais AE;
- úsáidtear é chun riachtanais leachtachta bhreise gan choinne a chumhdach.

*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí ón gCoimisiún.

**13** Tar éis na línte creidmheasa go léir agus cuid de bhillí an Aontais a aisíoc, ar an 30 Meitheamh 2022, b'ionann an fiachas le híoc a bhain le NGEU agus €144 bhilliún. I ***bhFíor 7***, léirítear fiachas NGEU gearrthéarmach agus fadtéarmach a bhí fós le híoc thar an tréimhse ó Mheitheamh 2021 go dtí Meitheamh 2022.

## Fíor 7 – Fiachas NGEU le híoc




*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí ón gCoimisiún.

**14** I ***bhFíor 8***, tugtar sonraí maidir leis na cineálacha ionstraime fiachais agus méid na n-ionstraimí sin.

## Fíor 8 – Fiachas NGEU amhail ar an 30 Meitheamh 2022




*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí ón gCoimisiún.

**15** Ó Mheitheamh 2021 go dtí Meitheamh 2022, ba iad eisiúintí sindeacáite do bhannaí AE an sciar ba mhó (52 %) d'iasachtaíochtaí NGEU, lena n-áirítear idirbhearta bannaí, billí agus margaidh airgid. De réir an Choimisiúin, bhí níos mó ná 1 000 infheisteoir éagsúil ó 70 tír éagsúil i gceist le bonn infheisteoirí le haghaidh idirbhearta sindeacáite NGEU i Lúnasa 2022. I ***bhFíor 9***, léirítear an struchtúr geografach agus na príomhchineálacha infheisteoirí in idirbhearta sindeacáite.

## Fíor 9 – Bonn infheisteoirí d'idirbhearta sindeacáite NGEU ar an 1 Lúnasa 2022




*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí ón gCoimisiún.

# Scóip agus cur chuige na hiniúchóireachta

**16** Leis an iniúchadh seo, tá sé mar aidhm againn rannchuidiú le bainistíocht fhónta airgeadais a dhéanamh ar oibríochtaí bainistíochta fiachais amach anseo bunaithe ar straitéis chistiúcháin éagsúlaithe nua, a bhí mar chur chuige réamhshocraithe an Aontais maidir le bainistíocht fiachais i Nollaig 2022.

**17** Ba í an phríomhcheist iniúchóireachta a bhí againn ná ar fhorbair an Coimisiún córas éifeachtach chun bainistiú a dhéanamh ar an bhfiachas a tiomsaíodh chun NGEU a mhaoiniú. Dhíríomar ar dhearadh agus ar luathoibriú chóras bainistíochta fiachais NGEU ó Mheitheamh 2021 go dtí Meitheamh 2022. Rinneamar scrúdú féachaint:

- an raibh na struchtúir agus na hinniúlachtaí oibríochtúla agus bainistíochta riosca nua i gcomhréir le prionsabail idirnáisiúnta maidir le bainistíocht fiachais, agus ar chumasaigh siad cur chun feidhme phríomhghnéithe na straitéise cistiúcháin éagsúlaithe;
- an raibh torthaí maithe ar bhainistíocht fiachais NGEU sa chéad bhliain oibríochta ó thaobh costais iasachtaíochta de, le leibhéal stuama riosca á choinneáil agus ceanglais rialála á gcomhlíonadh aici;
- an ndearna an Coimisiún doiciméadú ar an anailís ar chomhbhabhtálacha, idir costas agus riosca na n-idirbheart iasachtaíochta, agus an ndearna sé tuairisc ar fheidhmíocht bainistíochta fiachais bunaithe ar chuspóirí agus ar tháscairí iomchuí.

**18** Ní dhearnamar measúnú ar fheidhmiú na gcóras faisnéise (TF) a úsáideann an Coimisiún le haghaidh bainistíochta fiachais, ná ar na próisis eisíocaíochta cistí a tiomsaíodh ó fhiachas NGEU chuig na Ballstáit agus chuig buiséad an Aontais. Rinneamar ár seiceálacha ar chostais riaracháin a theorannú do chruinneas na méideanna a áirítear sa chuntasaíocht bhuiséadach.

**19** Chuireamar critéir mheasúnaithe i bhfeidhm bunaithe ar reachtaíocht agus cinntí a bhaineann le NGEU, prionsabail bainistíochta fiachais phoiblí a aithnítear go hidirnáisiúnta, agus treoir agus lámhleabhar INTOSAI chun iniúchadh a dhéanamh ar bhainistíocht fiachais phoiblí[7]. Bunaíodh ár n-iniúchadh ar an méid seo a leanas:

- anailís ar na socruithe ábhartha rialála, conarthacha agus eagraíochtúla lena mbunaítear na creataí oibríochtúla agus bainistíochta riosca;
- fianaise a bhailítear trí athbhreithnithe deisce agus anailísí ar dhoiciméadacht a chuir AS BUDG ar fáil, agus trí agallaimh le daoine ó fhoireann an Choimisiúin atá freagrach as bainistíocht fiachais NGEU;
- measúnú ar dhoiciméadacht roghnaithe a bhaineann le deich gcinneadh iasachtaíochta aonair agus deich n-iarratas ar PDN.

**20** I mBealtaine 2022, chuireamar suirbhé chuig oifigí náisiúnta bainistíochta fiachais sna 27 mBallstát, a raibh sé mar aidhm leo a dtuairimí a bhailiú maidir leis na feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar shocruithe bainistíochta fiachais an Aontais. Fuaireamar freagraí ó 12 shuirbhé. Ina theannta sin, chuamar i gcomhairle le saineolaithe bainistíochta fiachais chun torthaí ár n-anailísí agus ár réamhchonclúidí iniúchóireachta a phlé.

[7] INTOSAI, Iniúchadh ar Bhainistíocht Fiachais Phoiblí: Lámhleabhar d'Uasfhorais Iniúchóireachta.

# Barúlacha

## Leis na struchtúir agus na hinniúlachtaí nua, bhíothas in ann tús a chur le cistiú NGEU go tapa, ach ní mór iad a threisiú

**21** Sa roinn seo, dírímid isteach ar an gcreat eagraíochtúil a bunaíodh le haghaidh chistiú NGEU. Rinneamar measúnú féachaint an raibh struchtúr, acmhainneachtaí oibríochtúla agus comhar le soláthraithe seachtracha i gcomhréir le dea-chleachtas a aithnítear go hidirnáisiúnta i mbainistíocht fiachais phoiblí, agus an raibh siad leordhóthanach chun gníomhaíochtaí iasachtaíochta NGEU a chur chun feidhme.

### Is gá coigeartú a dhéanamh ar acmhainní bainistíochta fiachais an Choimisiúin a bunaíodh go tapa chun dea-chleachtas a chomhlíonadh

**22** Rinneamar scrúdú féachaint an raibh na struchtúir agus na hinniúlachtaí nua is gá chun an straitéis chistiúcháin éagsúlaithe a chur chun feidhme bunaithe ag an gCoimisiún, go tráthúil, lena n-áirítear an méid seo a leanas go háirithe:

- freagrachtaí oibríochtúla atá struchtúrtha go soiléir maidir le bainistíocht fiachais, agus na freagrachtaí sin scartha i bhfeidhmeanna na hoifige tosaigh, na lároifige agus na cúloifige, i gcomhréir le dea-chleachtas a aithnítear go hidirnáisiúnta atá forbartha ag an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI), Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta (INTOSAI) agus Comhdháil na Náisiún Aontaithe ar Thrádáil agus Forbairt (UNCTAD);
- cuntais, róil agus freagrachtaí bainistíochta riosca atá sainmhínithe go soiléir, nach bhfuil srianta ó thuairisciú ar rioscaí nuair a thagann saincheisteanna ábhartha chun cinn;
- beartais leormhaithe maidir le coinneáil agus comharbas foirne , agus socruithe don fhoireann a bhíonn ag déileáil le bainistíocht fiachais.

**Feidhmeanna oibríochtúla le haghaidh bhainistíocht fiachais NGEU**

**23** De réir straitéis cistiúcháin NGEU[8], tá sé beartaithe ag an gCoimisiún idirbhearta cistiúcháin a eagrú ar bhealach atá comhchosúil leis an mbealach atá in úsáid ag stáit cheannasacha. Is iondúil go mbíonn struchtúr eagraíochtúil ag oifigí bainistíochta fiachais i dtíortha inarb iad na margaí caipitil an phríomhfhoinse maoinithe (cosúil leis an gCoimisiún) a chuimsíonn cúloifigí, lároifigí agus oifigí tosaigh, mar a léirítear i ***dTábla 3***.

## Tábla 3 – Gnáthfhreagrachtaí na hoifige tosaigh, na lároifige agus na cúloifige

| An oifig tosaigh | An lároifig | An chúloifig |
|---|---|---|
| o idirbhearta iasachtaíochta<br>o caidreamh le hinfheisteoirí agus le príomhdhéileálaithe<br>o straitéis bainistíochta fiachais a chur chun feidhme<br>o punann fiachais a bhainistiú i dtaobh tagarmhairc | o anailís agus comhairle don bhainistíocht shinsearach maidir le straitéisí oiriúnacha faoi bhainistíocht fiachais<br>o faireachán ar fheidhmíocht na hoifige tosaigh i dtaobh spriocanna agus tagarmharcanna straitéiseacha<br>o anailís, faireachán agus tuairisciú ar rioscaí | o socraíochtaí na n-idirbheart iasachtaíochta<br>o cuntasaíocht agus bailíochtú sonraí fiachais<br>o tuairisciú ar fhiachas<br>o faireachán agus rialú ar eisíocaíochtaí |

*Foinse:* INTOSAI, Iniúchóireacht ar Bhainistíocht Fiachais Phoiblí, Lámhleabhar d'Uasfhorais Iniúchóireachta.

**24** Cinneadh ón gComhairle maidir le hacmhainní dílse an Aontais a glacadh i Nollaig 2020[9], agus a tháinig i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2021. Le socruithe eagraíochtúla an Choimisiúin, bhíothas in ann tús a chur leis na hidirbhearta iasachtaíochta an 15 Meitheamh 2021. Tugann leagan amach eagraíochtúil bhainistíocht fiachais NGEU ag an gCoimisiún (féach ***Iarscríbhinn I***) feidhmeanna na hoifige tosaigh agus roinnt feidhmeanna lároifige le chéile in aonad amháin (BUDG E3).

[8] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le straitéis chistiúcháin nua chun NextGenerationEU a mhaoiniú, COM(2021) 250.

[9] Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh.

Tá an t-aonad seo freagrach as an straitéis a fhorbairt agus a chur chun feidhme, gníomhaíochtaí a leithdháiltear de ghnáth ar aonaid éagsúla laistigh d'eagraíocht.

**25** Éilíonn dea-chleachtas i mbainistíocht fiachais go mbeidh an fhoireann atá freagrach as an gcreat bainistíochta riosca a shocrú agus faireachán a dhéanamh air, agus as measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht, neamhspleách ar an bhfoireann atá freagrach as idirbhearta margaidh a chur i gcrích[10]. Trí fheidhm lároifige ar leith a bheith ann, tacaítear leis an neamhspleáchas sin. Is iondúil go mbíonn an lároifig freagrach as anailís riosca, lena n-áirítear cásanna éagsúla riosca agus costais.

**26** Measaimid go lagaíonn an easpa feidhme lároifige ar leith i socruithe bainistíochta fiachais NGEU an measúnú ar fheidhmíocht ó thaobh cuspóirí bainistíochta fiachais a chur chun feidhme ag an oifig thosaigh. Fuaireamar amach go raibh teorainn leis na socruithe eagraíochtúla sin, ó thaobh raon feidhme agus líon na n-anailísí a rinne an Coimisiún ar chásanna riosca agus costais nuair a bhí eisiúintí bannaí NGEU á bpleanáil aige. Mheas an Coimisiún gurbh é an struchtúr sin an struchtúr ab iomchuí, i bhfianaise chineál na ngníomhaíochtaí agus an ghá atá le hacmhainneacht a fhorbairt ar luas leis na hacmhainní atá ar fáil.

**An creat nua riosca agus comhlíontachta a bhunú**

**27** Chinn an Coimisiún[11] go bhfuil an Príomhoifigeach Riosca (CRO) freagrach as an gcreat riosca agus comhlíontachta a bhunú chun straitéis cistiúcháin NGEU a chur chun feidhme. Níor ceapadh aon CRO faoin gcur chuige maoinithe droim-le-droim. Mar sin féin, ós rud é go bhfuil clár cistiúcháin NGEU casta agus mór, agus i bhfianaise na rioscaí a bhaineann leis an straitéis chistiúcháin éagsúlaithe nua, cheap an Coimisiún CRO a atá freagrach as na rioscaí a bhaineann le hoibríochtaí NGEU a bhainistiú. Bhí sé i gceist leis na socruithe nua rialachais sin go mbeadh CRO in ann oibriú go neamhspleách ar chur i gcrích na n-oibríochtaí bainistíochta fiachais.

---

[10] Páipéar Beartais an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, Treoirlínte Athbhreithnithe maidir le Bainistíocht Fiachais Phoiblí, 2014, lch. 21.

[11] Airteagal 16 de Chinneadh Cur Chun Feidhme C(2021)2502 ón gCoimisiún.

**28** Tá an leagan amach rialachais le haghaidh oibríochtaí bainistíochta fiachais NGEU ar aon dul leis an tsamhail 'trí líne chosanta', a thagann ó chreat COSO. Cuireann sé le córas éifeachtach bainistíochta riosca, ina bhfuil na rioscaí i seilbh na chéad líne cosanta agus bainistíonn sí iad, agus déanann an dara líne chosanta maoirseacht ar na rioscaí sin. I gcás an Choimisiúin:

- déanann AS BUDG (an oifig thosaigh agus an chúloifig le haghaidh bhainistíocht fiachais NGEU) na rialuithe céadlíne atá sna hoibríochtaí bainistíochta fiachais;
- tá CRO (atá lonnaithe laistigh de AS BUDG agus a fhaigheann tacaíocht ón gCoiste um Rioscaí agus um Chomhlíonadh), freagrach as rialuithe dara líne, seiceálacha comhlíontachta agus maoirseacht rioscaí; agus
- tugann an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach dearbhú neamhspleách ar leormhaitheas na gcóras rialaithe, mar an tríú líne chosanta.

Léirítear i ***bhFíor 10*** an leagan amach rialachais sin le haghaidh bhainistíocht fiachais NGEU.

## Fíor 10 – Leagan amach agus línte tuairiscithe rialachais le haghaidh bhainistíocht fiachais NGEU




*Foinse:* CIE, bunaithe ar HLRCP.

**29** Thug an Coimisiún sainordú[12] gur cheart do CRO a gcuid gníomhaíochtaí a dhéanamh go neamhspleách, agus i gcomhréir leis an mBeartas Ardleibhéil Riosca agus Comhlíontachta (HLRCP). Thug HLRCP sainmhíniú ar línte tuairiscithe, freagrachtaí foriomlána, cuspóirí agus raon feidhme oibre an CRO. Fuaireamar amach nach bhfuil an t-idirdhealú idir róil an Leas-Ardstiúrthóra agus an CRO soiléir, agus nach bhfuil sainmhíniú maith tugtha ar fhreagrachtaí an CRO ina gcáil mar Leas-Ardstiúrthóir. Ós rud é go bhfuil CRO mar Leas-Ardstiúrthóir ar AS BUDG freisin, féadfar cúraimí breise a shannadh don duine sin freisin, cúraimí a d’fhéadfadh teacht salach ar shainordú an phoist nó an t-ualach oibre a mhéadú. D’fhéadfadh sé sin bac a chur ar éifeachtacht an CRO ina ról.

**30** Fuaireamar amach, i gcomhréir le ceanglais HLRCP, gur ghlac an Coimisiún nósanna imeachta agus lámhleabhair i scríbhinn lena mbunaítear príomhtháscairí riosca agus rialuithe inmheánacha a bhaineann leis na rioscaí sonracha. Tá liosta de na rioscaí ábhartha in ***Iarscríbhinn II***. Leis an ngníomhaíocht sin, bhíothas in ann an creat bainistíochta riosca a chur chun feidhme in am trátha sa chéad bhliain de bhainistíocht fiachais NGEU.

**31** Measaimid go raibh ról lárnach ag CRO maidir le hathrú eagraíochtúil a chur i bhfeidhm, ina raibh feasacht riosca curtha go daingean i struchtúr nua bainistíochta fiachais an Choimisiúin. Nuair a bunaíodh an creat nua riosca agus comhlíontachta le haghaidh NGEU, spreag sé sin beartais, nósanna imeachta agus uirlisí ardleibhéil nua a chur ar bun, a raibh seisiúin oiliúna agus faisnéise ag cur leis sin; agus is í foireann CRO a d’eagraigh iad sin ar fad. Chuir anailísí, tuairimí agus moltaí an CRO maidir le saincheisteanna amhail pleananna iasachtaíochta, feabhas ar an mbainistíocht rioscaí a bhaineann le gníomhaíochtaí iasachtaíochta NGEU. Rinne na gníomhaíochtaí sin na hanailísí riosca a bhfuiltear ag súil leo ón lároifig a chúiteamh i bpáirt freisin.

**32** D’fhéadfadh foireann an CRO, a raibh foireann choibhéiseach lánaimseartha (FTE) de 2.5 acu an 30 Meitheamh 2022, a bheith ina riosca do leanúnachas gnó, go háirithe nuair a bhíonn daoine den fhoireann as láthair gan choinne (tugtar sonraí in ***Iarscríbhinn I*** maidir leis an líon foirne agus freagrachtaí na foirne). Fuaireamar amach freisin, mar thoradh ar ualach oibre fhoireann an CRO, gur gá úsáid a bhaint as acmhainní ón gcéad líne chosanta, rud a lagaíonn maoirseacht neamhspleách rioscaí ag an dara líne chosanta.

---

[12] Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2021) 2502 ón gCoimisiún.

**33** Go dtí Nollaig 2022, níor áiríodh anailís ná tuairisciú ar rioscaí a bhaineann le cláir iasachtaíochtaí droim-le-droim, dliteanais arbh ionann iad agus €148 mbilliún i Meitheamh 2022, i bhfreagrachtaí an CRO. I Nollaig 2022, chuir an Coimisiún síneadh le sainordú an CRO thar an gclár NGEU chun gach iasachtaíocht faoin straitéis maoinithe éagsúlaithe agus cistiúchán droim-le-droim a chumhdach[13].

**Bainistiú na foirne a bhíonn ag déileáil le fiachas NGEU**

**34** In 2021, bhunaigh an Coimisiún Stiúrthóireacht E laistigh de AS BUDG. Tá an Stiúrthóireacht freagrach as bainistíocht sócmhainní, fiachais agus riosca airgeadais. Laistigh de thréimhse sách ghearr de shé mhí, chuir an Coimisiún croífhoireann le chéile chun tús a chur le gníomhaíochtaí iasachtaíochta ar mhórscála.

**35** Bhí ar an gCoimisiún go leor post nua ardspeisialaithe a líonadh go tapa san fhoireann bainistíochta fiachais. Ní raibh an chuid is mó de na scileanna agus den taithí a bhí ag teastáil ar fáil go hinmheánach cheana féin. Fuaireamar amach go raibh 46 % de dhaoine ar fhoireann bainistíochta fiachais AS BUDG ar chonarthaí sealadacha de chineálacha éagsúla (féach ***Tábla 4***). Tháinig líon suntasach daoine den fhoireann ó údaráis na mBallstát agus ón Sásra Cobhsaíochta Eorpach. Mar gheall ar chion ard na foirne seachtraí agus sealadaí, tá an baol ann go bhféadfadh láimhdeachas foirne amach anseo cur isteach ar cháilíocht agus ar éifeachtúlacht bhainistíocht fiachais NGEU, agus go gcaillfí eolas institiúideach dá bharr.

## Tábla 4 – An fhoireann a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí bainistíochta fiachais NGEU in AS BUDG ag deireadh mhí an Mheithimh 2022

| Cineál fostaíochta | Líon foirne (FTE) | Cion (%) |
|---|---:|---:|
| Oifigigh | 17.5 | 54 % |
| Saineolaithe náisiúnta ar iasacht | 8.0 | 25 % |
| Foireann shealadach | 5.0 | 15 % |
| Gníomhairí ar conradh | 2.0 | 6 % |
| **Líon foriomlán na foirne** | **32.5** | |

*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí ó AS BUDG maidir le foireann FTE do NGEU, Stiúrthóireacht E aonaid E.1, E.2, E.3, E.4, agus foireann an CRO, 30.6.2022.

[13] Airteagal 2 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2022/2544 ón gCoimisiún maidir leis na socruithe rialachais le haghaidh na straitéise cistiúcháin éagsúlaithe.

**36** In 2022, shainaithin AS BUDG roinnt rioscaí a bhaineann le hearcaíocht, cé nár aicmíodh go foirmiúil iad mar rioscaí criticiúla. Baineann na rioscaí sin leis an easpa cúltaca do roinnt príomhról bainistíochta fiachais; an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag neamh-infhaighteacht daoine tábhachtacha den fhoireann ar ghníomhaíochtaí na stiúrthóireachta; agus easpa tuarastal tosaigh coibhneasta atá tarraingteach a thairgtear i bhfoireann bainistíochta fiachais NGEU, atá lonnaithe den chuid is mó i Lucsamburg, do chúntóirí agus speisialtóirí ón earnáil airgeadais. Níor thug an Coimisiún aghaidh fós ar na rioscaí sin.

## D'úsáid an Coimisiún critéir fhónta chun príomhsholáthraithe seirbhíse seachtracha a roghnú

**37** Le cur chun feidhme straitéis cistiúcháin NGEU, bhí sé de cheangal go mbeadh roinnt soláthraithe seirbhíse seachtracha nua rannpháirteach. Mar shampla, bhí seirbhís cuntas bainc atá sábháilte agus iontaofa de dhíth ar an gCoimisiún d'fhonn na méideanna atá á bhfáil ar iasacht a choinneáil agus a eisíoc ar scála nach bhfacthas riamh roimhe seo. I straitéis cistiúcháin NGEU, bhí sé mar cheanglas córas ceantála a úsáid mar uirlis nua chun bannaí AE a eisiúint, agus mar an t-aon mhodh chun billí an Aontais a eisiúint. I bhfianaise líon agus mhéid ard na n-idirbheart iasachtaíochta faoi straitéis cistiúcháin NGEU, bhunaigh an Coimisiún líonra príomhdhéileálaithe (PDN) freisin. I ***bhFíor 11*** tugtar tuairisc ghairid ar na soláthraithe seirbhíse go léir atá fostaithe ag an gCoimisiún le haghaidh bhainistíocht fiachais NGEU.

## Fíor 11 – Soláthraithe seirbhíse seachtracha le haghaidh bhainistíocht fiachais NGEU




*Foinse:* CIE, bunaithe ar an gCoimisiún agus an réamheolaire le haghaidh bannaí AE.

**38** Rinneamar anailís féachaint ar roghnaigh an Coimisiún na soláthraithe seirbhíse seachtracha a bhí riachtanach le haghaidh bhainistíocht fiachais NGEU ar bhonn critéir thrédhearcacha fhónta. Agus a dtábhacht straitéiseach á cur san áireamh, rinneamar anailís ar na conarthaí a shínigh an Coimisiún leis an mBanc Ceannais Eorpach (BCE), Banque de France agus ar bhunú PDN.

### Cuntas bainc NGEU BCE

**39** Cuireann BCE na seirbhísí riachtanacha cuntas bainc ar fáil do chlár NGEU le haghaidh sealúchais airgid agus eisíocaíochtaí. Cuireann comhaontú an Choimisiúin le BCE deireadh nach mór leis an riosca creidmheasa a bhaineann le cuntas bainc NGEU. Shainaithin an Coimisiún BCE mar an t-aon soláthraí seirbhíse amháin a bhféadfaí brath air chun na híocaíochtaí móra a bhaineann le NGEU a phróiseáil.

**Córas ceantála le haghaidh bannaí agus billí NGEU**

**40** Úsáideann an Coimisiún an córas ceantála a chuir *Banque de France* ar fáil. Roghnaíodh é bunaithe ar chritéir fhónta, lena n-áirítear ceanglais theicniúla, infhaighteacht, agus slándáil an chórais ceantála. Chumhdaigh anailís ar na ceanglais cúig thairiscint éagsúla, agus áiríodh comhairliúchán le rannpháirtithe sa mhargadh. In Aibreáin 2021, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh feidhmiúlacht an chórais ceantanna ag teacht go hiomlán le ceanglais an Choimisiúin. Chomhlíon sé an riachtanas freisin go mbeadh sé oibríochtúil faoin 1 Meán Fómhair 2021.

**Líonra na bPríomhdhéileálaithe**

**41** Tá PDN curtha ar bun ag an gCoimisiún chun forghníomhú idirbheart sindeacáite, ceantanna agus láithrithe príobháideacha a éascú[14]. Áirithíonn PDN go scaiptear fiachas an Aontais ar bhonn leathan infheisteoirí. Ag deireadh Mheitheamh 2022, bhí 43 phríomhdhéileálaí (PDanna) in PDN. Ní féidir ach PDanna páirt a ghlacadh i gceantanna, sindeacáití, agus láithrithe príobháideacha. Féach ***Fíor 12***.

[14] Suíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh: An chaoi a n-oibríonn eisiúint an Aontais.

## Fíor 12 – Líonra na bPríomhdhéileálaithe

# PRÍOMHFHÍRICÍ

**43 institiúid**
**in PDN**

### Ionadaíocht gheografach

Líon na mbanc in PDN

0 1 15




### Critéir incháilitheachta

- **Eintitis dhlíthiúla bhunaithe a bhfuil a gceannoifig san Aontas nó i dtír LEE**
- **Institiúid chreidmheasa a ndéanann údarás inniúil de chuid an Aontais nó gnólacht infheistíochta maoirseacht uirthi, atá údaraithe san Aontas chun an ghníomhaíocht frithghealltа agus/nó ionstraimí airgeadais a dhéanamh**
- **Príomhdhéileálaí d’eisitheoir Eorpach eile**

### Dualgais

**meán ualaithe íosta 0.05 % de na méideanna a cheantálann an tAontas ar bhonn leathbhliantúil a cheannach**

**leachtacht urrúis fiachais an Aontais a chur chun cinn, ag cur le haimsiú praghais agus le héifeachtúlacht an mhargaidh thánaistigh**

**tuairisc a thabhairt ar chur i gcrích na ngníomhaíochtaí PD, aon neamhchomhlíonadh leis na critéir incháilitheachta, nó le huasghrádaithe nó íosghrádaithe rátála**

### Táillí

**i gcás sindeacáití, ríomhtar táillí mar sciar de mhéid na n-urrús a dhíoltar a athraíonn le haibíocht na mbannaí**

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Aibíocht de réir blianta → | 1-4 | 4-6 | 6-9 | 9-14 | 14-19 | 19-28 | 28- |
| Táille sindeacáitithe → | 0.05 % | 0.07 % | 0.09 % | 0.10 % | 0.12 % | 0.15 % | 0.17 % |

*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí ón gCoimisiún.

**42** Ghlac an Coimisiún le gach iarratas chun páirt a ghlacadh in PDN. Thugamar ar aire, as na 43 PD a bhí ann ag deireadh 2021, go bhfuair an Coimisiún amach gur sháraigh deich gcinn díobh dlí an Aontais in aghaidh trustaí, agus gur chuir an Coimisiún ar fionraí iad, i dtús báire, ó pháirt a ghlacadh in PDN mar thoradh air sin. Dá bhrí sin, ceanglaíodh orthu faisnéis a thíolacadh maidir le bearta lena dtugtar aghaidh ar a sáruithe ar an dlí in aghaidh trustaí. Ghlac an Coimisiún leis na deich PD sin ar fad chuig PDN tar éis anailís a dhéanamh ar an bhfaisnéis a chuir siad isteach.

**43** Chun measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na gcritéar incháilitheachta, agus ar thrédhearcacht agus raon feidhme an phróisis roghnúcháin, rinneamar seiceáil ar shampla randamach de dheich n-iarratas PD as na 43 a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin. Ar an iomlán, rinne an Coimisiún doiciméadú ar roghnú na PDanna ar bhealach soiléir agus trédhearcach, agus bhí na hinstitiúidí a roghnaíodh incháilithe chun páirt a ghlacadh in PDN. As na deich PD sa sampla, cuireadh ceithre cinn ar fionraí mar gheall ar shárú ar dhlí an Aontais in aghaidh trustaí. Mheasamar gur bhailigh an Coimisiún dóthain fianaise chun deireadh a chur leis an bhfionraí, chun a rannpháirtíocht in PDN a cheadú.

**44** Tugann PDanna a dtoiliú d'iniúchtaí agus d'fhíoruithe a bhaineann leis na sonraí a sheoltar chuig an gCoimisiún faoi chuimsiú a n-oibleagáidí tuairiscithe[15]. Níor bhain an Coimisiún úsáid fós as an gceart atá aige tríú páirtí a úsáid chun iniúchadh a dhéanamh i ndáil leis sin.

## Fuair an Coimisiún na cistí ar iasacht in am, i gcomhréir le teorainneacha rialála agus ar chostais a fhreagraíonn dá shuíomh margaidh

**45** Sa roinn seo, rinneamar measúnú féachaint an raibh nósanna imeachta iomchuí maidir le bainistíocht fiachais forbartha agus curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún, d'fhonn na cistí riachtanacha a fháil ar iasacht in am agus i gcomhréir le ceanglais rialála. Tagann oibríochtaí bainistíochta fiachais faoi raon feidhme an chur chun feidhme bhuiséadaigh[16], agus ní mór dóibh prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais a urramú. Dá bhrí sin, rinneamar anailís freisin féachaint ar sheachain an

[15] Airteagal 14 de Chinneadh (AE, Euratom) 2021/625 ón gCoimisiún maidir le PDN a bhunú.

[16] Aithris 5 de Chinneadh C(2021) 2501 ón gCoimisiún maidir le rialacha inmheánacha sonracha maidir le cur chun feidhme oibríochtaí iasachtaíochta, bainistíochta fiachais agus iasachtaithe.

Coimisiún costais neamhriachtanacha a d'fhéadfadh eascairt as iarmhéideanna airgid iomarcacha i gcuntas bainc NGEU BCE.

## Chuir an Coimisiún a riachtanais iasachtaíochta in iúl ar bhealach maith, agus chomhlíon sé na príomhcheanglais rialála maidir le fiachas NGEU

**46** Leagadh amach i straitéis cistiúcháin NGEU go bhfuil cumarsáid shoiléir agus oscailte d'infheisteoirí agus do phiar-eisitheoirí ríthábhachtach i ndáil le rath chlár cistiúcháin NGEU. Ní mór don Choimisiún na spriocanna a chuirtear in iúl don mhargadh, agus na ceanglais dhlíthiúla agus nós imeachta is infheidhme maidir le fiachas NGEU a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, rinneamar scrúdú ar an méid seo a leanas:

- anailísí ón gCoimisiún ar riachtanais iasachtaíochta a bhaineann le cistiú NGEU;
- teachtaireachtaí ón gCoimisiún le margaí caipitil agus le geallsealbhóirí maidir le heisiúintí fiachais AE;
- comhlíonadh na bpríomhcheanglas dlí agus nós imeachta le haghaidh oibríochtaí bainistíochta fiachais ag an gCoimisiún.

**Anailís ar riachtanais iasachtaíochta**

**47** Ullmhaíonn AS BUDG anailísí sistéamacha agus mionsonraithe ar riachtanais iasachtaíochta sula ndéanann sé idirbhearta iasachtaíochta NGEU. Úsáideann an Coimisiún uirlis thiomnaithe TF chun riachtanais chistiúcháin ghearrthéarmacha agus fhadtéarmacha a chur in iúl. Ullmhaíonn an Coiste Réamhaisnéise, a cruthaíodh laistigh de AS BUDG i mBealtaine 2021, tuarascálacha míosúla ar riachtanais eisíocaíochta NGEU. Cumhdaíonn na tuarascálacha sin tréimhse leanúnach dhá mhí, agus cuireann siad bonn ar fáil do na sceidil mhíosúla iasachtaíochta.

**48** Inár n-anailís ar dhá thuarascáil maidir le riachtanais eisíocaíochta NGEU a glacadh i Lúnasa agus Nollaig 2021, fuaireamar amach gurbh ionann tromlach mór na n-eisíocaíochtaí iarbhír agus na cinn a bhí beartaithe sa chéad áit riamh. Ba é an t-aon difríocht shuntasach do na réamhaisnéisí ná €5.96 billiún, a bhain le Ballstát amháin. Tugaimid ar aire go ndearnadh an réamhaisnéis a nuashonrú bunaithe ar shonraí nua.

**49** Fuaireamar amach go gcuireann nósanna imeachta an Choimisiúin ar a chumas a riachtanais iasachtaíochta a chur in iúl do mhargaí airgeadais agus do gheallsealbhóirí roimh ré, agus na sceidil iasachtaíochta a cheartú in am trátha más gá. In 2021, mar shampla, bhí na riachtanais iarbhír le haghaidh chistí NGEU i bhfad níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis nuair a eisíodh an plean cistiúcháin leathbhliantúil. Fuaireamar

gurbh iomchuí freagairt an Choimisiúin ar athruithe ar riachtanais iasachtaíochta ag deireadh 2021. Féach ***Bosca 1***.

### Bosca 1

### Iasachtaíocht NGEU a chur in oiriúint do riachtanais chistiúcháin atá ag athrú in 2021

An 28 Deireadh Fómhair 2021, d'eisigh AS BUDG tuarascáil maidir le riachtanais eisíocaíochta NGEU i Samhain agus i Nollaig 2021, inar léiríodh go raibh riachtanais eisíocaíochta €18 mbilliún níos ísle ná mar a bhí beartaithe ar dtús i Samhain agus i Nollaig.

An 29 Deireadh Fómhair 2021, d'ullmhaigh an Coimisiún anailís ar chnámha scéil le haghaidh na n-idirbheart a bhí fágtha ag deireadh na bliana. Chinn an Coimisiún an méid iasachtaíochta fadtéarmaí atá beartaithe a laghdú, ach amlíne socraithe na gceantanna gearrthéarmacha a choinneáil.

Ar an dáta céanna, d'athraigh AS BUDG an sceideal iasachtaíochta míosúil do Shamhain agus do Nollaig 2021, agus d'eisigh an Coimisiún nuashonrú ar an sprioc chistiúcháin.

**Pleananna cistiúcháin a chur in iúl**

**50** Príomhchoinníoll amháin a ghabhann le dóthain cistí a fháil ar iasacht in am trátha is ea pleananna cistiúcháin a chur in iúl go soiléir agus go tráthúil d'infheisteoirí agus d'iasachtaithe eile. Cuireann sé sin ar chumas infheisteoirí na cistí ábhartha a ullmhú chun bannaí nó billí NGEU a cheannach. Cuidíonn an malartú faisnéise maidir le pleananna cistiúcháin idir iasachtaithe leo comhordú a dhéanamh ar eisiúintí ionstraimí fiachais. Mar shampla, i gcás ina ndéantar comhchruinniú iasachtaí a bhfuil aibíochtaí comhchosúla acu sa tréimhse chéanna, d'fhéadfadh méadú teacht ar chostais iasachtaíochta agus forghníomhú idirbheart iasachtaíochta a bheith i mbaol.

**51** Sa chinneadh maidir le hacmhainní dílse[17], d'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún idirphlé struchtúrtha a bhunú le hoifigí náisiúnta bainistíochta fiachais agus le státchistí maidir le heisiúint fiachais agus sceidil aisíocaíochta. Rinne an Coimisiún amhlaidh, go háirithe trí Fhochoiste EFC um Margaí Fiachais Cheannasaigh an Aontais Eorpaigh ('an fochoiste').

[17] Airteagal 9(6) de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh.

**52** Sna freagraí ar ár suirbhé, chuir oifigí bainistíochta fiachais na mBallstát in iúl go bhfuil an malartú faisnéise atá ann faoi láthair idir an Coimisiún agus na Ballstáit leormhaith go ginearálta, i ndáil le heisiúint fiachais agus sceidil aisíocaíochta. Mhol freagróirí roinnt athruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh, lena n-áirítear go gcomhroinnfeadh an Coimisiún tuilleadh faisnéise maidir leis na haibíochtaí fiachais atá á mbreithniú le haghaidh ceantanna agus sindeacáití, agus plean cistiúcháin *ex ante* a chur faoi bhráid an fhochoiste. Measann an Coimisiún gur gá solúbthacht áirithe a choinneáil chun leas a bhaint as éileamh an mhargaidh. Dá bhrí sin, níl sé in ann na haibíochtaí fiachais le haghaidh ceantanna a shocrú i bhfad roimh ré. Áitíonn an Coimisiún freisin nach féidir an plean cistiúcháin a chur faoi bhráid an fhochoiste sula scaoilfear chuig an margadh é, ós rud é go bhfuil faisnéis atá íogair ó thaobh an mhargaidh de sa phlean cistiúcháin.

**53** Socraíonn an Coimisiún a theorainneacha bliantúla maidir le hiasachtaíochtaí ina chinntí iasachtaíochta[18]. Tar éis na gcinntí sin a ghlacadh, foilsíonn an Coimisiún pleananna cistiúcháin leathbhliantúla freisin[19] lena gcuirtear faisnéis níos beaichte ar fáil do pháirtithe leasmhara maidir le méid na n-oibríochtaí cistiúcháin fadtéarmacha a bhfuiltear ag súil leo, agus maidir le minicíocht eisiúintí bannaí agus billí NGEU.

**54** I ***dTábla 5***, leagtar amach mionsonraí na dteorainneacha bliantúla iasachtaíochta le haghaidh 2021 agus 2022, chomh maith le mionsonraí na bpleananna leathbhliantúla a bhaineann le cistiú fadtéarmach go dtí Meitheamh 2022.

### Tábla 5 – Teorainneacha agus pleananna iasachtaíochta don chistiú fadtéarmach

| 2021 | | 2022 | |
|---|---|---|---|
| Teorainn bhliantúil | Plean cistiúcháin Meitheamh-Nollaig | Teorainn bhliantúil | Plean cistiúcháin Eanáir-Meitheamh |
| **€125 billiún** | €80 billiún* | **€140 billiún** | €50 billiún |

*Nóta:* * Sular leasaíodh é i nDeireadh Fómhair 2021.

*Foinse:* CIE, bunaithe ar chinntí bliantúla hiasachtaíochta an Choimisiúin do 2021 agus 2022, chomh maith le pleananna cistiúcháin leathbhliantúla go dtí Meitheamh 2022.

[18] Suíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh: Straitéis cistiúcháin an Aontais, Doiciméid Dhlíthiúla.

[19] Suíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh: Pleananna cistiúcháin.

**Comhlíonadh bhainistíocht fiachais NGEU le príomhcheanglais rialála**

**55** Laghdaíonn roinnt forálacha rialála an tsolúbthacht do bhainistíocht fiachais NGEU go pointe áirithe. Léiríonn siad an fonn riosca, riachtanas na cobhsaíochta i mbuiséad agus margadh airgeadais an Aontais, agus gné shealadach an chláir iasachtaíochta sin. I ***dTábla 6***, áirítear faisnéis faoi na príomhtheorainneacha a bhí le cur san áireamh ag an gCoimisiún agus na hidirbhearta iasachtaíochta á bpleanáil agus á gcur chun feidhme aige.

## Tábla 6 – Príomhtheorainneacha le haghaidh bhainistíocht fiachais NGEU

| Foinse: | Teorainn | Tráthchlár |
|---|---|---|
| Airteagal 5 den Chinneadh ón gComhairle maidir le hacmhainní dílse an Aontais | **€807 mbilliún i bpraghsanna reatha** (€750 billiún i bpraghsanna 2018) – uasteorainn d'fhiachas iomlán NGEU | 2021-2058 |
| | **Airgeadra Euro** – an t-aon airgeadra a cheadaítear le haghaidh idirbhearta iasachtaíochta NGEU | |
| | **31 Nollaig 2026** – spriocdháta le haghaidh glaneisiúint nua d'fhiachas NGEU (tar éis 2026, is féidir leis an gCoimisiún cistí a fháil ar iasacht fós chun na hurrúis atá ag teacht in aibíocht a thar-rolladh) | |
| | **31 Nollaig 2058** – spriocdháta chun na dliteanais NGEU go léir a aisíoc | |
| | Ní mór aisíocaíocht fhiachas NGEU a bheith **seasta agus intuartha** | |
| | **€29.25 billiún (i bpraghsanna 2018)** – teorainn bhliantúil le haghaidh aisíocaíocht fhiachas NGEU a ardaíodh chun fóirdheontais ó bhuiséad an Aontais a chistiú | |
| Cinntí bliantúla iasachtaíochta 2021 agus 2022 | **€125 bhilliún (i bpraghsanna reatha)** – uasteorainn ar chistiúchán fadtéarmach | 2021 |
| | **€140 bhilliún (i bpraghsanna reatha)** – uasteorainn ar chistiúchán fadtéarmach | 2022 |
| | **€60 billiún (i bpraghsanna reatha)** – uasteorainn ar an méid cistiúcháin ghearrthéarmaigh atá le híoc | 2021 agus 2022 |
| | **€20 billiún (i bpraghsanna reatha)** – uasteorainn ar uasmhéid in aghaidh eisiúint aonair an chistiúcháin fhadtéarmaigh | |
| | **17 mbliana** – meánaibíocht uasta an chistiúcháin fhadtéarmaigh | |

*Foinse:* CIE, bunaithe ar chinntí ón gComhairle agus ón gCoimisiún.

**56** I ***bhFíor 13***, léirítear sampla teoiriciúil de mhéadú agus de laghdú ar fhiachas NGEU i gcomhréir leis na teorainneacha rialála. Go praiticiúil, ní gá patrún líneach dian den sórt sin a leanúint chun fiachas NGEU a fháil ar iasacht agus a aisíoc.

## Fíor 13 – Ionsamhlú ar fhiachas NGEU le híoc in aghaidh na bliana




*Foinse:* CIE, bunaithe ar fhaisnéis ón gCoimisiún.

**57** Fuaireamar amach ag deireadh Mheitheamh 2022 gur chomhlíon punann fiachais NGEU iomlán na ceanglais rialála a bhaineann le huasteorainneacha iasachtaíochta, airgeadra na n-idirbheart iasachtaíochta, agus an mheán-aibíocht uasta. Ní chuireann aibíochtaí ná méideanna na n-idirbheart iasachtaíochta a chuirfear i gcrích go dtí deireadh Mheitheamh 2022 bac ar aisíocaíocht fhiachas NGEU ar bhealach seasta agus intuartha go dtí 2058.

**58** Rinneamar scrúdú freisin ar dhoiciméadacht a bhaineann le deich n-idirbheart iasachtaíochta, arbh ionann iad agus €55.5 billiún, as 65 idirbheart iasachtaíochta a chuir an Coimisiún chun feidhme go dtí an 30 Meitheamh 2022. Bhí ár rogha dírithe ar na méideanna is mó, agus áiríodh gach cineál ionstraim iasachtaíochta NGEU ann. Féach ***Iarscríbhinn III***. Rinneamar scrúdú ar chur i bhfeidhm lámhleabhair na nósanna imeachta inmheánacha maidir le gach cineál idirbheart iasachtaíochta. Rinneamar scrúdú freisin ar ailíniú na n-idirbheart le treoracha iasachtaíochta. Fuaireamar amach gur chuir an Coimisiún nósanna imeachta inmheánacha i bhfeidhm go hiomchuí maidir le pleanáil, forghníomhú agus tuairisciú ar shindeacáití, ceantanna agus idirbhearta margaidh airgid a ndearnadh anailís orthu. Rinneadh gach ceann de na deich n-idirbheart a ndearnadh anailís orthu a ailíniú leis na pleananna cistiúcháin leathbhliantúla iomchuí agus le treoracha mionsonraithe iasachtaíochta a d'ullmhaigh an Coimisiún.

## Léiríonn na costais iasachtaíochta dálaí an mhargaidh, agus an cuspóir chun cistiúchán leordhóthanach a chur ar fáil in am

**59** Is é príomhaidhm straitéis chistiúcháin NGEU ná cistí leordhóthanacha a chur ar fáil do chláir NGEU in am trátha. Rinneamar anailís féachaint ar léirigh an fhorbairt ar chostas cistiúcháin NGEU dálaí an mhargaidh, agus an bhfuarthas é ar chostas gar do na costais a fuair Ballstáit an Aontais é (a bhfuil rátáil chreidmheasa chomhchosúil acu). Rinneamar measúnú freisin féachaint ar sheachain an Coimisiún iarmhéideanna airgid iomarcacha nó neamhleora i gcuntas bainc NGEU BCE chun costais neamhriachtanacha a chosc, agus oibleagáidí cistiúcháin á gcomhlíonadh ag an am céanna de réir mar a bhí siad dlite.

### Idirbhearta iasachtaíochta NGEU a fheidhmiú ó thaobh costas cistiúcháin de

**60** Sannann formhór na ngníomhaireachtaí rátála, lena n-áirítear Fitch, Moody's, Scope agus DBRS EU, na rátálacha is airde d'fhiachas an Aontais: AAA, Aaa, AAA agus AAA (breathnú cobhsaí) faoi seach. Ó Bhealtaine 2022, tá fiachas AE aicmithe mar AA+ ag S&P Global Ratings (breathnú cobhsaí)[20]. Cé nach í an rátáil chreidmheasa an t-aon toisc amháin a mbíonn tionchar aige ar na costais mhaoinithe, is féidir leis an gCoimisiún cistí a fháil ar iasacht ar mhargaí caipitil ar chostas níos ísle ná formhór Bhallstáit an Aontais.

**61** Ó thús 2022, tá tionchar ag an ardú ar thorthaí margaidh agus ar luaineacht praghsanna ar gach banna agus urrús san Aontas, lena n-áirítear bannaí móreisitheoirí ceannasacha AE agus NGEU. D'eascair na forbairtí sin as na héiginnteachtaí méadaithe a bhaineann le coinbhleachtaí geopholaitiúla. Toisc eile is ea an beartas airgeadaíochta a bheith níos doichte ag bainc cheannais i ngeilleagair láidre, rud a thosaigh de réir a chéile ar bheartais maidir le héascú cainníochtúil a aisiompú, agus rátaí ar bheartais ghearrthéarmacha a ardú mar fhreagairt ar bhrúnna boilscitheacha atá ag géarú ar fud an domhain.

**62** Bhí torthaí bannaí NGEU tráth a eisiúna níos airde in 2022 ná mar a bhí in 2021. I gcás sindeacáití bannaí NGEU a rinneadh idir Meitheamh agus Nollaig 2021, ba é 0.16 % an toradh margaidh ualaithe tráth a n-eisiúna. I gcás sindeacáití a rinneadh idir Eanáir agus Meitheamh 2022, ba é 1.36 % an figiúr comhfhreagrach, 1.2 pointe céatadáin níos airde ná mar a bhí in 2021.

---

[20] Suíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh: Neart creidmheasa an Aontais.

**63** Ó seoladh clár cistiúcháin NGEU, bhí toradh margaidh bhannaí NGEU – intuigthe ina bpraghsanna – gar do thorthaí fiachais cheannasaigh arna n-eisiúint ag an bhFrainc agus ag an Ostair ar bhonn comhsheasmhach(féach *Fíor 14* le haghaidh comparáid idir torthaí le haghaidh bannaí deich mbliana). Bhí an fhorbairt ar thorthaí margaidh do bhannaí NGEU inchomparáide leis na torthaí do bhannaí na mBallstát, a bhfuil rátálacha creidmheasa comhchosúla acu. Thugamar faoi deara gurbh é 0.24 pointe céatadáin (i.e. 24 bhonnphointe) i Meitheamh-Nollaig 2021 agus 0.45 pointe céatadáin (i.e. 45 bhonnphointe) in Eanáir-Meitheamh 2022 an meánchorrlach idir torthaí margaidh na mbannaí tagarmhairc deich mbliana arna n-eisiúint ag an nGearmáin agus ag NGEU.

### Fíor 14 – Torthaí margaidh le haghaidh bannaí deich mbliana i gcás móreisitheoirí AE




*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí arna soláthar ag saineolaí seachtrach.

**64** Léirigh torthaí bannaí NGEU tráth a n-eisiúna seasamh an Choimisiúin mar iasachtaí mórscála nua. Ina theannta sin, léiríonn na torthaí aidhm an Choimisiúin chun leibhéal láidir rannpháirtíochta ó infheisteoirí in idirbhearta iasachtaíochta agus infhaighteacht cistí a áirithiú nuair is gá.

**Bainistíocht leachtachta**

**65** Inár n-anailís ar idirbhearta iasachtaíochta agus ar bhainistíocht airgid, deimhnítear go n-áirithíonn na nósanna imeachta a chuirtear i bhfeidhm solúbthacht maidir le húsáid modhanna iasachtaíochta éagsúla agus rogha an ama is fearr chun iasachtaí a fháil. Áirítear ar na modhanna sin sindeacáití bannaí, ceantanna bannaí agus billí, agus oibríochtaí margaidh airgid. Féadfaidh an Coimisiún dálaí díobhálacha sealadacha sa mhargadh a sheachaint maidir le hiasachtaí a fháil trí úsáid a bhaint as an gcúlchiste leachtachta, nó trí airgead tirim a shealbhú i gcuntas NGEU BCE más gá.

**66** Is féidir, mar shampla, difear a dhéanamh do bhainistíocht éifeachtach leachtachta mar gheall ar mhoill ar iarraidh ar íocaíocht a fháil ó Bhallstát, nó de dheasca deacrachtaí maidir le measúnú an Choimisiúin ar gharspriocanna agus spriocanna áirithe ar coinníollacha iad maidir le híocaíochtaí RRF a fháil[21]. Faoin 30 Meitheamh 2022, bhí deontais agus iasachtaí faighte ag 21 Ballstát faoi RRF, lena n-áirítear réamh-mhaoiniú; ba iad an Bhulgáir, Éire, an Ungáir, an Ísiltír, an Pholainn agus an tSualainn na sé thír a raibh sé sin fós le déanamh acu[22].

**67** Fuaireamar amach, go dtí deireadh 2022, gurb é a bhí sa mheántréimhse íocaíochta do dheontais agus iasachtaí uile RRF ná thart ar chúig lá gnó tar éis na ceanglais go léir a bheith comhlíonta agus deimhnithe ag an gCoimisiún. Bhí sé sin i bhfad níos ísle ná na tairseacha a leagtar amach sna Rialacháin is infheidhme (dhá mhí le haghaidh íocaíochtaí réamh-mhaoinithe[23], agus 30 lá féilire le haghaidh garspriocanna agus íocaíochtaí spriocbhunaithe[24]). Deimhnítear san anailís a rinneamar gur chuir an Coimisiún eisíocaíochtaí na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta i gcrích go tráthúil.

[21] Tuarascáil speisialta 21/2022: 'Measúnú an Choimisiúin ar na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta', mír 82.

[22] Tuarascáil leathbhliantúil maidir le forghníomhú oibríochtaí cistiúcháin NGEU ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2022, COM(2022) 335, lch. 3.

[23] Airteagal 13(1) de Rialachán (AE) 2021/241 lena mbunaítear RRF.

[24] Airteagal 24(7) de Rialachán (AE) 2021/241 lena mbunaítear RRF, i gcomhar le hAirteagail 116(1) agus 116(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais.

**68** Cuirtear béim sa treoir inmheánach ón gCoimisiún ar an bhfíoras gurb é cuspóir uileghabhálach na bainistíochta leachtachta ná a áirithiú gur leor na méideanna a choimeádtar i gcuntas bainc NGEU chun freastal ar na riachtanais eisíocaíochta go léir atá ar na bacáin, agus chun maolán sábháilteachta sainithe a choinneáil nuair atá aon ró-iarmhéideanna á seachaint ag an am céanna. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, chuir an Coimisiún beartas bainistíochta leachtachta chun feidhme, ina n-urramaítear na teorainneacha a leagtar amach i ***dTábla 7*** aige.

## Tábla 7 – Teorainneacha Bainistíochta Leachtachta

| Teorainn | Luachanna | Mionsonraí |
|---|---|---|
| **Iarmhéid airgid saor in aisce** | ≥ 0 | Ar gach lá gnó, ní mór iarmhéid airgid saor in aisce a bheith ar chuntas NGEU BCE arb ionann é agus an sealúchas airgid stuamachta nó níos mó, i.e. íocaíochtaí ón gcuntas atá dlite don chéad deich lá gnó eile. |
| **Iarmhéid airgid saor in aisce íosta** | €0.1 billiún | Chomh maith leis sin, tá maolán bog de €0.1 billiún socraithe ag an gCoimisiún os cionn an tsealúchais stuamachta airgid, rud nach mór a bheith ar fáil gach lá gnó chun costais gan choinne a chlúdach. |
| **Leachtacht uasta (uasteorainn) ar an meán** | €30 billiún | Baineann an paraiméadar seo le tréimhse sé mhí gach plean cistiúcháin. Cuirtear san áireamh an meán-leachtacht a bhí ar fáil in NGEU BCE agus an meán-leachtacht a bhfuiltear ag súil léi ann le linn na tréimhse sé mhí sin. |

*Foinse:* CIE, bunaithe ar Lámhleabhar an Choimisiúin maidir le Réamhaisnéis agus Bainistíocht Leachtachta.

**69** Ullmhaíonn an Coimisiún tuarascálacha seachtainiúla maidir le leachtacht chuntas NGEU BCE, ina léirítear aon sáruithe a d’fhéadfadh a bheith ann maidir le teorainneacha. Má tharlaíonn sáruithe den sórt sin, féadfaidh an Coimisiún moill a chur ar eisíocaíochtaí atá beartaithe le haghaidh chláir NGEU, nó féadfaidh sé méideanna beartaithe na n-idirbheart iasachtaíochta atá beartaithe a laghdú.

**70** Rinneamar athbhreithniú ar na tuarascálacha faireacháin leachtachta do na seachtainí go léir ó Mheitheamh 2021 go Meitheamh 2022. Fuaireamar amach gur urramaigh an Coimisiún gach ceann de na trí theorainn maidir le bainistíocht leachtachta sa tréimhse a ndearnadh anailís uirthi. I gcomhréir le hiarmhéideanna laethúla chuntais NGEU BCE, b’ionann an meán-iarmhéid airgid iarbhír agus €25 bhilliún in 2021 agus €20 billiún sa chéad leath de 2022. Féach ***Fíor 15***. Thugamar faoi deara nach raibh aon athrú ar na teorainneacha bainistíochta leachtachta le linn na tréimhse sin.

## Fíor 15 – Iarmhéideanna airgid, fáltais agus eisíocaíocht cistí i gcuntas NGEU BCE, go laethúil agus ar an meán




*Foinse:* CIE, bunaithe ar ráitis ó chuntas bainc NGEU BCE agus ar dhoiciméid an Choimisiúin.

**71** Sa tréimhse ó Mheitheamh go Lúnasa 2021, bhí iarmhéid airgid ó chuntas NGEU BCE luaineach ar bhealach neamhghnách. Tharla sé sin mar thoradh ar eisíocaíochtaí réamh-mhaoinithe RRF a bheith á n-íoc mar chnapshuim mhór. Ó Mheitheamh 2021 go dtí Meitheamh 2022, bhí iarmhéideanna airgid ar chuntas NGEU BCE a bhí os cionn €20 billiún faoi réir rátaí taiscí diúltacha. In 2021, mar shampla, ba é -0.50 % an ráta sin, agus ghearr BCE costais ráta taisce de €21.1 milliún dá bharr.

**72** De réir mhodh leithdháilte costas an Choimisiúin[25], is ionann costas na bainistíochta leachtachta agus an difríocht idir an t-ús ó chuntas bainc NGEU BCE agus an toradh a íoctar ó na hionstraimí gearrthéarmacha a úsáidtear chun cúlchistí leachtachta a mhaoiniú. Fuarthas amach inár n-anailís ar bhainistíocht leachtachta in 2021 go raibh toradh diúltach ag ionstraimí fiachais gearrthéarmacha, a úsáidtear chun cúlchistí leachtachta a mhaoiniú, agus, in ionad costais úis, gur ghin siad ioncam don Aontas. Dá bhrí sin, bhí costas na bainistíochta leachtachta diúltach sa deireadh; i bhfocail eile, bhí barrachas don Choimisiún mar thoradh air. Rinne an Coimisiún an barrachas bainistíochta leachtachta a dháileadh idir buiséad an Aontais (€11 mhilliún)

[25] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1095 ón gCoimisiún maidir le leithdháileadh na gcostas iasachtaíochta agus bainistíochta fiachais faoi NGEU.

agus na Ballstáit (€3.6 milliún), i gcomhréir le húsáid na méideanna ar fad a fuarthas ar iasacht le haghaidh deontas agus iasachtaí.

## Bhí teorainn le tomhas agus tuairisciú an Choimisiúin ar fheidhmíocht bainistíochta fiachais NGEU

**73** Sa roinn seo, dírímid ar na cuspóirí a leagan síos agus ar thuairisciú a dhéanamh ar fheidhmíocht bhainistíocht fiachais NGEU. Sheiceálamar freisin an chaoi a ndéanann an Coimisiún na comhbhabhtálacha idir costais agus riosca a dhoiciméadú sna hidirbhearta iasachtaíochta a ndearnadh anailís orthu, gné atá tábhachtach chun feidhmíocht a thomhas.

### Níl cuspóirí bainistíochta fiachais leagtha amach go soiléir, rud a chuireann teorainn le feidhmíocht a thuairisciú

**74** Faoi dhea-chleachtas CAI[26] agus an Bhainc Dhomhanda[27] a aithnítear go hidirnáisiúnta, is éard atá i straitéis bainistíochta fiachais phoiblí ná plean lena gcuirtear cuspóirí bainistíochta fiachais i ngníomh. Le hAirteagal 5(3) den Chinneadh maidir le hAcmhainní Dílse[28], ceanglaítear ar an gCoimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas go rialta agus go cuimsitheach faoi gach gné dá straitéis bainistíochta fiachais. Rinneamar scrúdú féachaint an raibh a chuspóirí bainistíochta fiachais leagtha amach go soiléir ag an gCoimisiún sa straitéis bainistíochta fiachais, agus ar eisigh sé tuarascálacha rialta d'údarás buiséadach an Aontais maidir lena gcur chun feidhme.

**Cuspóirí bainistíochta fiachais agus tuairisciú ar a gcur chun feidhme**

**75** Ní leagtar amach go soiléir i straitéis bainistíochta fiachais an Choimisiúin cad iad a chuspóirí bainistíochta fiachais ná an chaoi a gcomhlíonfaidh sé iad, cé go moltar an méid sin a dhéanamh sa dea-chleachtas a aithnítear go hidirnáisiúnta. Tá straitéis cistiúcháin NGEU dírithe ar mhodhanna agus ionstraimí cistiúcháin chun suas le €150-

---

[26] Páipéar Beartais an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, Treoirlínte Athbhreithnithe maidir le Bainistíocht Fiachais Phoiblí, 2014.

[27] An Banc Domhanda, Bainistíocht Fiachais an Rialtais: Straitéisí Bainistíochta Fiachais a Dhearadh, 2017.

[28] Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh.

200 billiún a bhailiú in aghaidh na bliana le haghaidh iasachtaí agus deontais NGEU go dtí deireadh 2026.

**76** Measann an Coimisiún go gcuirtear san áireamh leis príomhchuspóirí a aithnítear go forleathan maidir le bainistíocht fiachais agus idirbhearta iasachtaíochta NGEU á gcur chun feidhme. Baineann na cuspóirí sin le cistí riachtanacha a fháil ar iasacht go tráthúil agus le costais iasachtaíochta a íoslaghdú a bhfuil riosca fadtéarmach stuama ag baint leo. De réir an Choimisiúin, áirítear ar chuspóirí breise tábhachtacha maidir le bainistíocht fiachais NGEU bonn leathan d'infheisteoirí a choinneáil, úsáid bannaí glasa a chur chun cinn, ardrátálacha creidiúnaithe a choinneáil, riosca contrapháirtí a íoslaghdú, agus próisis leordhóthanacha a bheith i bhfeidhm chun teagmhais gan choinne amhail suaitheadh sa mhargadh a chumhdach.

**77** Ní leagtar amach aon cheann de na cuspóirí sin go sainráite i straitéis cistiúcháin NGEU; mar sin féin, tá tagairtí do roinnt de na prionsabail ábhartha maidir le bainistíocht fiachais scaipthe ar fud na straitéise. Níor shoiléirigh an Coimisiún ach oiread cé na táscairí a úsáideann sé chun tuairisciú a dhéanamh ar bhaint amach cuspóirí sonracha a bhaineann le feidhmíocht. Measaimid nach leor na tagairtí neamhshonracha sin chun an Coimisiún a dhéanamh cuntasach as na cuspóirí sin a bhaint amach.

**78** Ullmhaíonn an Coimisiún tuarascálacha éagsúla ina bhfuil forléargas agus ina gcumhdaítear cineálacha éagsúla clár iasachtaíochta, dliteanas agus bainistíocht chistiúcháin (féach ***Iarscríbhinn IV***). Mar sin féin, níl faisnéis chuimsitheach sna doiciméid sin faoi chuspóirí bainistíochta fiachais a bhaineann le cistiúchán NGEU a bhaint amach . Mar shampla, déanann tuairisciú leathbhliantúil ar idirbhearta iasachtaíochta NGEU costais iasachtaíochta agus an bonn infheisteora (i dtaca lena mhéid agus comhdhéanamh) a dhoiciméadú, ach níl faisnéis leordhóthanach maidir le feidhmíocht ann, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

- costais iasachtaíochta a íoslaghdú sa mheántéarma agus san fhadtéarma, mar aon le saintréithe riosca stuamachta a choinneáil i mbainistíocht fiachais;
- cosc a chur ar chomhchruinniú idirbheart iasachtaíochta AE i measc grúpa cúng de phríomhdhéileálaithe nó d'infheisteoirí deiridh.

**79** Sa tuarascáil uaithi i nDeireadh Fómhair 2021 maidir leis an athbhreithniú ar an Rialachán Airgeadais, d'iarr Parlaimint na hEorpa go ndéanfaí athbhreithniú ar na ceanglais tuairiscithe a bhaineann le straitéis bainistíochta fiachais an Choimisiúin. Thagair an iarraidh don chastacht mhéadaithe agus don riosca méadaithe a bhaineann le hiasachtaí a fháil, chomh maith le hoibríochtaí iasachtaithe do bhuiséad an Aontais. An 16 Bealtaine 2022, mhol an Coimisiún athmhúnlú ar an Rialachán Airgeadais; agus in Airteagal 52(1)(d)(iii) de sin tá ceanglas go mbeadh 'forbhreathnú cuimsitheach ar oibríochtaí chun iasachtaí a fháil agus iasachtaí a thabhairt' sa dréachtbhuiséad. Ní chuireann an togra ceanglas soiléir ar fáil don Choimisiún chun tuairisciú a dhéanamh ar fheidhmíocht a ghníomhaíochtaí bainistíochta fiachais. Rinneamar trácht freisin ar an tsaincheist sin inár dtuairim maidir leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh leasú ar Airteagal 52 den Rialachán Airgeadais[29].

**80** In Airteagal 12 de chinneadh cur chun feidhme an Choimisiúin ó Nollaig 2022 lena mbunaítear na socruithe don straitéis chistiúcháin éagsúlaithe[30], tá ceanglas ann chun tuairisciú a dhéanamh 'dhá uair in aghaidh na bliana maidir le gach gné dá straitéis iasachtaíochta agus bainistíochta fiachais'. Ní áirítear i raon feidhme an bhunaithe tuairiscithe san airteagal seo ceanglas soiléir chun údarás buiséadach an Aontais a chur ar an eolas faoi chuspóirí bainistíochta fiachais a bhaint amach.

**Tuairisciú ar bhannaí glasa NGEU**

**81** Faoi straitéis chistiúcháin NGEU, déanfaidh bannaí glasa atá eisithe faoi NGEU an bonn infheisteoirí a leathnú tuilleadh agus neartóidh siad ceannaireacht dhomhanda an Aontais i maoiniú glas ar an margadh atá ainmnithe in euro. Tá sé d'aidhm ag an gCoimisiún 30 % de NGEU a mhaoiniú trí bhannaí glasa. Cuirfidh na fáltais ó na bannaí sin cistiúchán ar fáil do ranníocaíochtaí na mBallstát leis an aistriú glas faoi chuimsiú garspriocanna agus spriocanna a bhaineann leis an aeráid ina bpleananna téarnaimh agus athléimneachta.

[29] Tuairim 06/2022 maidir leis an togra le haghaidh Rialachán maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lgh. 11-12.

[30] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2022/2544 ón gCoimisiún.

**82** De réir an Choimisiúin, déanfar creat bannaí glasa NGEU[31] a ailíniú le caighdeán bannaí glasa an Aontais atá ar na bacáin[32] nuair is féidir. Is é príomhcheanglas an chaighdeáin seo go leithdháilfear bannaí go hiomlán ar chaiteachas atá ailínithe le córas aicmithe inbhuanaitheachta an Aontais — 'Tacsanomaíocht an Aontais'[33].

**83** Luaigh an Coimisiún go seiceálann sé an bhfuil fáltais bhannaí glasa NGEU dírithe ionsar an aistriú glas. Chuige sin, chomhaontaigh na Ballstáit go ndéanfaidís tuairisc a thabhairt ar mhéid iarbhír an chaiteachais a bhaineann le hathchóirithe agus infheistíochtaí a bhfuil marcóir dearfach aeráide ag baint leo nuair a dhéanann siad iarrataí ar íocaíochtaí RRF. Braitheann iontaofacht agus cruinneas an tuairiscithe sin go príomha ar údaráis na mBallstát agus ar a gcórais rialaithe. I láthair na huaire, níl na doiciméid is bun le caiteachas a maoiníodh trí bhannaí glasa NGEU faoi réir aon seiceálacha ag an gCoimisiún.

**84** Thugamar faoi deara i gcásanna áirithe (mar shampla, athchóiriú fuinnimh d'fhoirgnimh), go bhfuil gá le hathchóirithe agus infheistíochtaí RRF chun cuid de chritéir scagtha theicniúla Thacsanomaíocht an Aontais a chomhlíonadh, d'fhonn marcóir aeráide 100 % a leithdháileadh. Mar sin féin, chun an ranníocaíocht leis an aistriú glas a ríomh, bhreithnigh an Coimisiún roinnt gníomhaíochtaí nach gcomhlíonann aon chritéir Tacsanomaíochta de chuid an Aontais[34]. Ciallaíonn sé sin nach n-úsáidfear cuid de na fáltais ó bhannaí glasa NGEU i gcomhréir le Tacsanomaíocht an Aontais ná le caighdeán bannaí glasa an Aontais atá ar na bacáin.

**85** Ag deireadh Mhárta 2022, sheol an Coimisiún deais bannaí glasa NGEU. Áirítear sa deais sin faisnéis nuashonraithe maidir le leithdháileadh fháltais bannaí glasa NGEU ar fud na mBallstát, catagóirí caiteachais agus réimsí idirghabhála RRF. I Nollaig 2022, d'fhoilsigh an Coimisiún an chéad leagan bliantúil de thuarascáil leithdháilte bannaí glasa NGEU. Tá mionsonraí sa tuarascáil seo maidir le méid an ailínithe le Tacsanomaíocht AE le haghaidh na n-athchóirithe agus infheistíochtaí RRF sin a

---

[31] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le straitéis chistiúcháin nua chun NextGenerationEU a mhaoiniú, COM(2021) 250, lch. 9.

[32] Suíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh: Togra maidir le Caighdeán Bannaí Glasa an Aontais.

[33] Suíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh: Tacsanomaíocht an Aontais le haghaidh gníomhaíochtaí inbhuanaithe.

[34] Tuarascáil speisialta 22/2021: 'Airgeadas inbhuanaithe – Gníomhaíocht níos comhsheasmhaí ón Aontas ag teastáil chun maoiniú a atreorú i dtreo infheistíocht inbhuanaithe', míreanna 80 agus 90.

cuireadh san áireamh i gcomhthiomsú caiteachais atá incháilithe do bhannaí glasa NGEU. Ní sholáthraíonn aon cheann de na socruithe tuairiscithe sin faisnéis maidir le méid iarbhír an chaiteachais a maoiníodh trí bhannaí glasa NGEU, a mheasann an Coimisiún a bheith ailínithe le Tacsanomaíocht AE.

## Níor doiciméadaíodh go comhsheasmhach anailísí an Choimisiúin is bun leis na cinntí maidir le praghsáil agus aibíocht bannaí

**86** Éilíonn bainistíocht fiachais go ndéanfar meastóireacht ar an gcomhbhabhtáil idir costas agus riosca, ós rud é go mbaineann riosca níos airde le costas níos ísle de ghnáth. Dá bhrí sin, bíonn tionchar díreach ag roghanna comhbhabhtála ar fheidhmíocht ó thaobh costais iasachtaíochta de. Rinneamar scrúdú féachaint an raibh doiciméadú fónta ar na comhbhabhtálacha a bhaineann le costais agus rioscaí ag tacú le cinntí an Choimisiúin maidir le praghsáil bannaí sindeacáite. Baineann siad go háirithe le rioscaí leachtachta, margaidh, cistiúcháin, creidmheasa, contrapháirtí agus oibriúcháin a bhaineann le bainistíocht fiachais (féach ***Iarscríbhinn II***). Soláthraíonn doiciméadacht den sórt sin cuntasacht agus ceadaíonn sé réasúnaíocht na gcinntí praghsála a bhfuil iarmhairtí fadtéarmacha acu a leanúint.

**87** Tá na margaí airgeadais, lena n-áirítear margadh tánaisteach bhannaí an Aontais agus gníomhaíochtaí na bpiar-eisitheoirí agus eisitheoirí ceannasacha fiachais, faoi réir faireachán agus doiciméadú seachtainiúil ó AS BUDG. Chun faisnéis a fháil faoi phraghsáil na mbannaí agus faoi na deiseanna iasachtaíochta is fearr atá ar fáil i dtéarmaí ama, méid agus aibíochta, d’úsáid an Coimisiún an t-aiseolas agus na moltaí a sholáthair comhaltaí PDN. Dar leis an gCoimisiún, comhlánaíodh an fhaisnéis sin le taighde margaidh an Choimisiúin féin.

**88** Comhaontaíonn an Coimisiún ó bhéal le PDanna maidir le praghas na mbannaí atá eisithe ag sindeacáití le linn glaonna praghsála. Tá na praghsanna sin faoi réir cinneadh breithiúnais mar thoradh ar an anailís ar staid an mhargaidh chaipitil, ar chomhbhabhtálacha inghlactha agus ar chaibidlíocht idir an Coimisiún agus a PDanna. I gcás na n-idirbheart sindeacáite a áirítear inár sampla (féach mír ***58***), fuaireamar amach nár dhoiciméadaigh an Coimisiún a chuid taighde mionsonraithe margaidh agus anailísí praghsála féin inar míníodh an réasúnaíocht ba bhonn lena chinntí praghsála, agus go ndearna sé amhlaidh i dtaca leis na hanailísí ar na comhbhabhtálacha idir aibíochtaí bannaí agus costais éagsúla nuair a bhí eisiúintí bannaí don todhchaí á bpleanáil aige.

# Conclúidí agus moltaí

**89** Ar an iomlán, tagaimid ar an gconclúid go bhfuil córas bainistíochta fiachais curtha i bhfeidhm go tapa ag an gCoimisiún, rud a chuir na cistí is gá ar fáil le haghaidh NextGenerationEU (NGEU) in am trátha. Sa chomhthéacs sin, measaimid gur léirigh na costais iasachtaíochta seasamh an Choimisiúin sa mhargadh sa chéad bhliain oibríochta. Chomh maith leis sin, chomhlíon an Coimisiún na príomhcheanglais rialála go léir a bhaineann le punann fiachais agus bainistíocht riosca. Mar sin féin, fuaireamar amach nach gcomhlíonann acmhainneachtaí bainistíochta fiachais NGEU, ar acmhainneachtaí iad a cruthaíodh go pras, an dea-chleachtas seanbhunaithe ar gach bealach. Tagaimid ar an gconclúid freisin nár thug an Coimisiún dóthain airde ar chuspóirí soiléire maidir le bainistíocht fiachais a leagan síos, agus ar fheidhmíocht i mbainistíocht fiachais a thomhas agus a thuairisciú.

**90** Laistigh de chúpla mí, chuir an Coimisiún socruithe eagraíochtúla nua ar bun agus bhunaigh sé líonra leordhóthanach de sholáthraithe seirbhíse seachtracha chun tús a chur le gníomhaíochtaí iasachtaíochta NGEU. Ós rud é go raibh sé riachtanach acmhainneacht a fhorbairt ar luas, agus líon beag duine den fhoireann ar fáil, níor bunaíodh aon fheidhm scoite lároifige. Is iondúil go n-áirítear le ról na lároifige faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht na hoifige tosaigh i dtaobh spriocanna agus tagarmharcanna straitéiseacha. Déanann an oifig tosaigh féin cuid de na feidhmeanna lároifige faoi láthair, lena n-áirítear straitéis bainistíochta fiachais a fhorbairt. Dá bhrí sin, ní dhéantar faireachán leanúnach ar fheidhmíocht bhainisteoirí fiachais na hoifige tosaigh. Cé go bhféadfadh an Príomhoifigeach Riosca (CRO) dúshlán a thabhairt d'fheidhmíocht na hoifige tosaigh agus monatóireacht a dhéanamh uirthi, tá acmhainn theoranta ag foireann an CRO le haghaidh na hoibre sin. Féach míreanna ***22***-***26***, ***31***-***32*** agus ***37***-***44***.

## Moladh 1 – Feidhm lároifige ar leith a bhunú

Agus scála, castacht agus suntasacht mhéadaithe na ngníomhaíochtaí bainistíochta fiachais á gcur san áireamh, ba cheart don Choimisiún feidhm scoite lároifige a bhunú d'fhonn feabhas a chur ar a acmhainní anailíse, meastóireachta riosca agus tuairiscithe. Ba cheart go mbeadh sé freagrach, mar shampla, as faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar chomhbhabhtálacha bainistíochta fiachais, agus as measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht bhainisteoirí fiachais na hoifige tosaigh i dtaobh cuspóirí straitéiseacha.

**Spriocdháta cur chun feidhme: faoi lár 2024**

**91** Tá creat bainistíochta riosca bunaithe ag an gCoimisiún le haghaidh gníomhaíochtaí bainistíochta fiachais NGEU. Cuimsíonn an creat sin ról nuachruthaithe an CRO. Measaimid go bhfuil obair thábhachtach ar mheasúnuithe riosca déanta ag foireann an CRO le linn na tréimhse faoi athbhreithniú. Mar sin féin, tá laigí ag baint le CRO a bheith mar Leas-Ardstiúrthóir ar AS BUDG. D'fhéadfadh sé ceangal a chur ar CRO déileáil le cúraimí a bhaineann le riosca chomh maith le gníomhaíochtaí bainistíochta oibríochtúla laistigh de AS BUDG, rud a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'éifeachtacht a maoirseachta. Níl tuairisc shoiléir ar fhreagrachtaí an Leas-Ardstiúrthóra. Tríd is tríd, fágann an staid sin go bhféadfadh sé nach mbeadh CRO in ann oibleagáidí an phoist maidir le measúnú agus tuairisciú rioscaí a fhorfheidhmiú i gceart. Féach míreanna ***27***-***32***.

**92** I Nollaig 2022, chuir an Coimisiún síneadh le sainordú an CRO chun gach clár iasachtaíochta a chuirtear chun feidhme faoin straitéis maoinithe éagsúlaithe agus faoi chistiúchán droim-le-droim a chumhdach. Dá bhrí sin, beidh an fhaisnéis maidir le nochtadh riosca a bhaineann le fiachas an Aontais a chuirfear ar fáil do na comhlachtaí cinnteoireachta níos cuimsithí. Féach mír ***33***.

## Moladh 2 – Ról an CRO a threisiú

D'fhonn a chinntiú go gcomhlíonann CRO sainordú an phoist go neamhspleách, go héifeachtach agus go héifeachtúil, ba cheart don Choimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) cairt a ullmhú ina míneofar cé na cúraimí bainistíochta oibríochtúla a thagann faoi fhreagracht an CRO i gcáil an duine sin mar Leas-Ardstiúrthóir;

(b) cumas fhoireann an CRO a threisiú ionas go mbeidh sí i gcomhréir lena cúraimí sannta, go háirithe trí chúltacaíocht a bhunú.

**Spriocdháta cur chun feidhme: deireadh 2023**

**93** In ainneoin cúinsí dúshlánacha, bhunaigh an Coimisiún croífhoireann a raibh na scileanna agus an taithí is gá aici. Braitheann an Coimisiún go mór ar fhoireann shealadach chun a chuid oibríochtaí fiachais a bhainistiú. D'fhéadfadh sé sin leanúnachas gnó a chur i mbaol; san fhadtéarma, d'fhéadfadh sé cáilíocht agus éifeachtúlacht na ngníomhaíochtaí bainistithe fiachais a chur i mbaol. Féach míreanna ***34***-***36***.

## Moladh 3 – Straitéis don lucht saothair a chur chun feidhme d'fhoireann bainistíochta fiachais

I bhfianaise chastacht agus thábhacht na gcúraimí bainistíochta fiachais, agus i bhfianaise an ghá atá le foireann fheiliúnach a mhealladh agus a choinneáil, ba cheart don Choimisiún straitéis iomchuí don lucht saothair a chur chun feidhme don fhoireann a bhíonn ag déileáil le bainistíocht fiachais.

**Spriocdháta cur chun feidhme: deireadh 2023**

**94** Tá struchtúrú déanta ag an gCoimisiún ar a chumarsáid chuig margaí agus geallsealbhóirí ar bhealach a sholáthraíonn leibhéal maith intuarthachta faoi chlár cistiúcháin NGEU agus faoi mhuinín as fiachas an Aontais i measc rannpháirtithe sa mhargadh. Fuaireamar amach go raibh a phleananna cistiúcháin agus a idirbhearta iasachtaíochta curtha in oiriúint ag an gCoimisiún i gcomhair athraithe ar riachtanais iasachtaíochta NGEU iarbhír. Féach míreanna ***46***-***54***.

**95** Le linn na tréimhse a chumhdaítear lenár n-iniúchadh, chomhlíon punann fiachais NGEU na ceanglais rialála maidir le huasteorainneacha iasachta, airgeadra na n-idirbheart iasachtaíochta, agus an mheán-aibíocht uasta. Bhí an fhorbairt ar thorthaí margaidh do bhannaí NGEU inchomparáide leis na torthaí do bhannaí na mBallstát, a bhfuil rátálacha creidmheasa comhchosúla acu. Bhí an Coimisiún éifeachtúil freisin maidir le leachtacht chuntas bainc NGEU sa Bhanc Ceannais Eorpach (BCE) a bhainistiú. Le linn tréimhse na hiniúchóireachta, tháinig laghdú ar na meán-iarmhéideanna airgid ar chuntas bainc NGEU BCE, agus níor tháinig aon athrú ar na teorainneacha leachtachta. Féach míreanna ***55***-***72***.

**96** Tá sé de cheanglas dlíthiúil ar an gCoimisiún údarás buiséadach an Aontais a chur ar an eolas go rialta agus go cuimsitheach faoi na gnéithe go léir dá straitéis bainistíochta fiachais. Mar sin féin, fuaireamar amach nach leagtar amach go soiléir i straitéis cistiúcháin NGEU a chuspóirí bainistíochta fiachais ná na táscairí gaolmhara. Níor chuir an reachtaíocht ábhartha ná an straitéis ceanglas soiléir ar an gCoimisiún chun tuairisciú a dhéanamh ar fheidhmíocht a ghníomhaíochtaí bainistíochta fiachais. Ní thuairiscíonn an Coimisiún ach oiread ar chion na bhfáltas ó bhannaí glasa NGEU a chaitear go fírinneach i gcomhréir le córas aicmithe inbhuanaitheachta an Aontais, is é sin Tacsanomaíocht AE. Leis an gcur chuige sin, tá an Coimisiún freagrach go príomha as méid leordhóthanach cistí a chur ar fáil in am chun NGEU a mhaoiniú. Tá cuntasacht dhoiléir ann i gcónaí maidir leis na cuspóirí eile a bhaineann le bainistíocht fiachais NGEU. Féach míreanna ***75***-***85***.

## Moladh 4 – Cuspóirí soiléire maidir le bainistíocht fiachais a fhoirmliú agus tuairisciú ar fheidhmíocht maidir lena gcur chun feidhme

D’fhonn cuntasacht agus trédhearcacht fheidhmíocht an Choimisiúin maidir le bainistíocht fiachais a fheabhsú, ba cheart don Choimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) straitéis bainistíochta fiachais a ghlacadh lena gcuimseofar gach ionstraim iasachtaíochta, lena n-áirítear ráiteas soiléir ar chuspóirí bainistíochta fiachais leis na táscairí ábhartha, chomh maith le tuairisc rialta a thabhairt ar a mbaint amach;

(b) faisnéis rialta a fhoilsiú maidir le cion na bhfáltas ó bhannaí glasa NGEU a chaitear go hiarbhír i gcomhréir le Tacsanomaíocht AE.

**Spriocdháta cur chun feidhme: deireadh 2023**

**97** Comhaontaíonn an Coimisiún ó bhéal le príomhdhéileálaithe maidir le praghas na mbannaí atá eisithe ag sindeacáití le linn glaonna praghsála. Is toradh iad na praghsanna sin ar chinntí breithiúnais atá bunaithe ar anailís ar staid na margaí caipitil, ar chomhbhabhtálacha inghlactha, agus ar chaibidlíocht idir an Coimisiún agus a phríomhdhéileálaithe. Ní dhéanann an Coimisiún doiciméadú go comhsheasmhach ar a anailís mar bhonn do chinntí aonair maidir le praghsáil agus aibíocht bannaí sindeacáite. Féach míreanna ***86***-***88***.

## Moladh 5 – Cinntí praghsála a dhoiciméadú ar bhealach comhsheasmhach

D’fhonn feabhas a chur ar chuntasacht agus ar an rian iniúchóireachta maidir lena chinntí praghsála le haghaidh sindeacáití bannaí AE, ba cheart don Choimisiún na hanailísí agus na próisis chinnteoireachta as ar eascair an cinneadh praghais deiridh a dhoiciméadú go soiléir le haghaidh úsáid inmheánach.

**Spriocdháta cur chun feidhme: Meán Fómhair 2023**

Ghlac an Chúirt Iniúchóirí an tuarascáil seo ag an gcruinniú a bhí aici i Lucsamburg an 11 Bealtaine 2023.

*Thar ceann na Cúirte Iniúchóirí*

Tony Murphy
*An tUachtarán*

# Iarscríbhinní

## Iarscríbhinn I – Príomhróil agus príomhfhreagrachtaí maidir le bainistíocht fiachais sa Choimisiún

| | | |
|---|---|---|
|  | **An oifig thosaigh**<br>**(lena gcomhcheanglaítear roinnt feidhmeanna lároifige)** | **Aonad BUDG E.3 — Oibríochtaí Iasachtaíochta agus Iasachtaithe**<br>→ eagraíonn sé eisiúint fiachais agus iasachtú fáltas le haghaidh chláir chúnaimh airgeadais an Aontais;<br>→ déanann sé straitéis bainistíochta fiachais a fhorbairt agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear oibríochtaí a eisiúint, riarachán iasachta agus athbhreithniú ar sceidil aisíocaíochta;<br>→ bainistíonn sé an chumarsáid le páirtithe leasmhara, e.g. gníomhaireachtaí rátála creidmheasa, bainc infheistíochta, institiúidí piaraí agus oifigí bainistíochta fiachais náisiúnta.<br>**Acmhainneacht foirne: 15 FTE** |
|  | **An Chúloifig** | **Aonad BUDG E.2 — Cúloifig Chuntasaíochta agus Tuairiscithe**<br>→ soláthraíonn sé cuntasaíocht le haghaidh iasachtaithe agus iasachtaíochtaí, agus le haghaidh na bpunann sócmhainní éagsúil;<br>→ déanann sé na cúraimí a bhaineann le socrú, próiseáil íocaíochta, réiteach idirbheart agus tuairisciú airgeadais.<br>**Acmhainneacht foirne: 8.7 FTE** |
|  | **Seirbhís dlí** | **Aonad BUDG E.4 — Comhordú Beartais agus Dlí**<br>→ cuireann sé tacaíocht dhlíthiúil ar fáil d'fhoireann na hoifige tosaigh, na cúloifige agus an CRO.<br>**Acmhainneacht foirne: 4.1 FTE** |
|  | **CRO agus an fhoireann** | **Foireann CRO**<br>→ ullmhaíonn sí HLRCP, ag tabhairt aghaidh ar na príomhrioscaí do leas airgeadais an Aontais a eascraíonn as cur chun feidhme oibríochtaí NGEU, agus déanann sí formhaoirseacht ar a chur chun feidhme;<br>→ déanann sí caighdeáin a bhunú agus a chothabháil maidir le rioscaí a shainaithint, a mheasúnú agus a chainníochtú, chomh maith le treoirlínte, beartais agus nósanna imeachta inmheánacha riosca a fhorbairt;<br>→ tuairiscíonn sí go rialta ar rioscaí ábhartha agus ar chomhlíonadh na rialacha agus na nósanna imeachta (don Chomhalta den Choláiste atá freagrach as an mBuiséad, don Choiste um Rioscaí agus um Chomhlíonadh, d'Ard-Stiúrthóir AS BUDG agus don Oifigeach Cuntasaíochta);<br>→ tugann sí faisnéis rialta maidir le rioscaí agus teorainneacha do dhaoine atá freagrach as feidhmiú oibríochtúil na straitéise cistiúcháin éagsúlaithe;<br>→ tuairiscíonn sí ar chur chun feidhme HLRCP chuig an gCoimisiún uair sa bhliain.<br>**Acmhainneacht foirne: 2.5 FTE** |

*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí ón gCoimisiún.

## Iarscríbhinn II – Cineálacha riosca i mbainistíocht fiachais NGEU

| Riosca | Cur síos |
|---|---|
| **Riosca leachtachta** | An riosca nach mbeidh an Coimisiún in ann leas a bhaint as an maoiniú nuair is gá ná ar théarmaí airgeadais buntáisteacha. |
| **Riosca inbhuanaitheachta buiséadaí** | An riosca go sáródh méid iomlán na n-íocaíochtaí úis agus príomhshuime i mbliain shonrach na leithreasuithe atá ar fáil i líne bhuiséid Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI) i roinn an Choimisiúin den bhuiséad bliantúil a glacadh. Cuimsítear leis an riosca sin freisin go sáródh dliteanais oibríochtaí NGEU, (lena n-áirítear na dliteanais theagmhasacha a eascraíonn as iasachtaí do Bhallstáit), acmhainn airgeadais an Aontais. |
| **Riosca margaidh** | An riosca ráta úis is infheidhme maidir le gníomhaíochtaí cistiúcháin amach anseo chun fiachas nua a ardú nó chun fiachas atá ag teacht in aibíocht a thar-rolladh faoin straitéis chistiúcháin éagsúlaithe. |
| **Riosca creidmheasa** | An riosca caillteanais a eascraíonn as neamhchosaintí le contrapháirtithe agus le heisitheoirí/iasachtaithe a bhfuil saincheisteanna rompu chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh. Tá sé comhdhéanta de: |
| (a) Riosca iasachtaithe | An fhéidearthacht go mbeadh easnamh leachtachta ann a eascraíonn as iasachtaí RRF a bheith á bhfáil ag Ballstát, agus as faillí an Bhallstáit sin a oibleagáidí tosaigh airgeadais i leith an Aontais a chomhlíonadh. |
| (b) Riosca an chontrapháirtí | An riosca go ndéanfadh páirtí amháin nó níos mó in idirbheart airgeadais mainneachtain nó nach mbainfeadh sé a n-oibleagáidí amach. |
| (c) Riosca socraíochta | Foirm ar leith de riosca contrapháirtí. An fhéidearthacht go mbeadh caillteanais ann ag eascairt as contrapháirtí amháin nó níos mó gan malartú a shocrú le haghaidh idirbheart luacha. |
| (d) Riosca comhchruinnithe | An riosca a bhaineann le carnadh na neamhchosanta cistiúcháin ar chatagóirí teoranta d'infheisteoirí nó de chontrapháirtithe. |
| **Riosca oibríochtúil** | An riosca caillteanais dhírigh nó indírigh, ag eascairt as próisis inmheánacha neamhleora nó neamhrathúla, as daoine agus córais, nó as teagmhais sheachtracha. |
| **Riosca do chlú** | An riosca go gcaillfear nó go ndéanfar damáiste de bharr meath ar dhea-ainm nó seasamh an Choimisiúin Eorpaigh. |
| **Riosca do chur chun feidhme an chláir bannaí glasa** | An riosca a eascraíonn as an bhféidearthacht go mainneoidh an tAontas a áirithiú go ndéantar úsáid na bhfáltas a ailíniú le Creat Bannaí Glasa an Aontais agus tuairisc a thabhairt d'infheisteoirí maidir leis an tionchar a baineadh amach. |

*Foinse:* CIE, bunaithe ar HLRCP.

## Iarscríbhinn III – Idirbhearta iasachtaíochta NGEU arna roghnú le haghaidh anailíse

| Líon | Dáta | Cineál | Aibíocht | Toradh | Aghaidhluach |
|---|---|---|---|---|---|
| EU000A3KT6B1 | 13/07/2021 | Sindeacáitiú bannaí | 20 bliain | 0.47 % | €10 mbilliún |
| EU000A3K4C42 | 12/10/2021 | Sindeacáitiú bannaí glasa | 15 bhliain | 0.45 % | €12 bhilliún |
| EU000A3KWCF4 | 25/10/2021 | Ceant bannaí (tap) | 7 mbliana | -0.12 % | €2.5 billiún |
| EU000A3K4C42 | 24/01/2022 | Ceant bannaí glasa | 15 bhliain | 0.37 % | €2.5 billiún |
| EU000A3K4C18 | 22/09/2021 | Ceant billí | 6 mhí | -0.74 % | €2 bhilliún |
| EU000A3K4C26 | 06/10/2021 | Ceant billí | 3 mhí | -0.79 % | €3 bhilliún |
| Neamhfhoilsithe | 30/07/2021 | Líne chreidmheasa | 75 lá | -0.48 % | €9 mbilliún |
| EU000A3K4DD8 | 22/03/2022 | Sindeacáitiú bannaí | 10 mbliana | 1.02 % | €10 mbilliún |
| EU000A3KWCF4 | 28/03/2022 | Ceant bannaí | 7 mbliana | 0.80 % | €2.5 billiún |
| EU000A3K4C75 | 16/03/2022 | Ceant bille | 3 mhí | -0.67 % | €2 bhilliún |
| **Iomlán** | | | | | **€55.5 billiún** |

*Foinse:* CIE, bunaithe ar fhaisnéis ón gCoimisiún.

## Iarscríbhinn IV – Tuarascálacha ón gCoimisiún maidir le dliteanais an Aontais a eascraíonn as idirbhearta iasachtaíochta go dtí an 30 Meitheamh 2022

| Níl | Teideal na tuarascála nó an doiciméid (nasc suímh ghréasáin chuig an gceann is déanaí) | Ceanglas dlíthiúil |
|---|---|---|
| 1. | Tuarascálacha leathbhliantúla maidir le feidhmiú oibríochtaí cistiúcháin NextGenerationEU | Airteagal 12 den Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún, C(2021) 2502<br><br>Airteagal 5(3) de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 |
| 2. | Nuashonrú Ráithiúil NextGenerationEU – Nóta ar na héilimh le híoc faoi chomhaontuithe iasachta agus dliteanais faoi iasachtaí<br><br>(Nár foilsíodh, seolta trí ríomhphost do gach ráithe ag AS BUDG chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle) | 'Cuireann an nuashonrú ráithiúil leis an tuairisciú faoi na hoibleagáidí a leagtar síos sna téacsanna dlíthiúla ábhartha éagsúla' (e.g. Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053, Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 (an Rialachán Airgeadais), Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún, C(2021) 2502). |
| 3. | Tuarascáil maidir le trédhearcacht bhuiséadach | I gcomhréir le pointí 16 agus 17 den Chomhaontú Idirinstitiúideach |
| 4. | Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le hionstraimí airgeadais, ráthaíochtaí buiséadacha, cúnamh airgeadais agus dliteanais theagmhasacha | Airteagal 250 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 (an Rialachán Airgeadais) |
| 5. | Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle – Réamhaisnéis fhadtéarmach maidir le hinsreabhadh agus eis-sreabhadh bhuiséad an Aontais amach anseo (2021-2027) | Airteagal 247(1)(c) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 (an Rialachán Airgeadais) |
| 6. | Ráitis airgeadais ar leithligh ag deireadh na bliana le haghaidh NGEU, SURE, EFSM agus MFA | Airteagal 80 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 (an Rialachán Airgeadais) |
| 7. | Plean cistiúcháin NextGenerationEU | Airteagal 5(3) de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 agus Airteagal 4 den Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún C(2021) 2502 |
| 8. | Dréachtbhuiséad agus doiciméid oibre I, V agus XI | Airteagal 41 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 (an Rialachán Airgeadais) agus pointí 41, 44, 46, 47 agus 48 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú Idirinstitiúideach |
| 9. | Cuntais bhliantúla chomhdhlúite an Aontais | Airteagal 246 agus 247(1)a de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 (an Rialachán Airgeadais) |

*Foinse:* CIE.

# Giorrúcháin

**AS BUDG:** Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid

**BCE:** An Banc Ceannais Eorpach

**CAI:** An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta

**CRO:** Príomhoifigeach Riosca

**EFSM:** An Sásra Cobhsaíochta Airgeadais Eorpach

**FTE:** Coibhéis lánaimseartha

**HLRCP:** Beartas Riosca agus Comhlíonta Ardleibhéil

**INTOSAI:** An Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta

**MFA:** Cúnamh macrairgeadais

**NGEU:** NextGenerationEU

**PD:** Príomhdhéileálaí

**PDN:** Líonra na bPríomhdhéileálaithe

**RRF:** An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta

**SURE:** Tacaíocht chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála

**UNCTAD:** Comhdháil na Náisiún Aontaithe ar Thrádáil agus Forbairt

# Gluais

**Acmhainní dílse:** Na cistí a úsáidtear chun buiséad an Aontais a mhaoiniú, agus an chuid is mó acu ag teacht ó ranníocaíochtaí Ballstát.

**Aibíocht:** An dáta a aisíocfar banna nó bille.

**Aibíocht:** An t-am atá fágtha go dtí go dtiocfaidh aibíocht ar bhanna nó bille.

**Bainistíocht fiachais:** Gníomhaíocht a dhéantar chun fiachas a eisiúint nó chun méid agus uainiú na n-aisíocaíochtaí fiachais le híoc a bharrfheabhsú, agus chun an riosca mainneachtana a mhaolú.

**Banna glas:** Ionstraim fiachais chun infheistíochtaí, tionscadail, caiteachas nó sócmhainní a thugann aghaidh ar shaincheisteanna aeráide agus comhshaoil a mhaoiniú nó a athmhaoiniú.

**Banna:** Urrús fiachais meántéarmach go fadtéarmach a bhfuil ráta úis bliantúil seasta aige.

**Bille:** Urrús fiachais gearrthéarmach a dhíoltar ar lascaine i gcomparáid leis an luach ag a bhfuasclófar é, seachas ráta úis bliantúil seasta a íoc.

**Ceant:** Próiseas iomaíoch ina ndíoltar bannaí agus billí AE leis na tairgeoirí is airde i measc na bpríomhdhéileálaithe atá formheasta ag an gCoimisiún.

**Dliteanas teagmhasach:** Oibleagáid airgeadais fhéideartha a d’fhéadfaí a thabhú ag brath ar an toradh a bheadh ag rud éigin a tharlóidh sa todhchaí.

**Margadh caipitil:** An margadh ar a ndéantar sócmhainní airgeadais a thrádáil.

**Margadh tánaisteach:** An margadh ar a ndéanann infheisteoirí sócmhainní airgeadais a thrádáil go díreach lena chéile seachas leis an eisitheoir.

**Príomhdhéileálaí:** Institiúid airgeadais arna formheas ag an gCoimisiún chun ionstraimí fiachais AE a mhargú agus a thrádáil trí phróiseas ar a dtugtar sindeacáitiú.

**Rátáil chreidmheasa:** Measúnú oibiachtúil ar acmhainneacht creidmheasa iasachtaí, go ginearálta nó i ndáil le fiachas nó oibleagáid airgeadais ar leith.

# Freagraí ón gCoimisiún

https://www.eca.europa.eu/ga/publications/sr-2023-16

# Amlíne

https://www.eca.europa.eu/ga/publications/sr-2023-16

# An fhoireann iniúchóireachta

I dtuarascálacha speisialta na Cúirte Iniúchóirí, leagtar amach torthaí a hiniúchtaí ar bheartais agus ar chláir an Aontais, nó ar thopaicí a bhaineann le bainistiú i dtaobh réimsí buiséadacha sonracha. Roghnaíonn agus dearann an Chúirt Iniúchóirí na cúraimí iniúchóireachta sin a mbeidh an tionchar is mó is féidir acu trí bhreithniú a dhéanamh ar na rioscaí don fheidhmíocht nó don chomhlíontacht, ar leibhéal an ioncaim nó an chaiteachais lena mbaineann, ar fhorbairtí atá ar na bacáin agus ar an leas polaitiúil agus poiblí.

Is é Seomra Iniúchóireachta V – Maoiniú agus Riar an Aontais, atá faoi cheannas Jan Gregor (Comhalta den Chúirt), a rinne an t-iniúchadh feidhmíochta seo. Rinneadh an iniúchóireacht faoi stiúir Jorg Kristijan Petrovič (Comhalta den Chúirt), agus fuarthas tacaíocht ó na daoine seo a leanas: Martin Puc (Ceann na hOifige Príobháidí), Mirko Iaconisi, (Ataisé na hOifige Príobháidí), Colm Friel (Príomhbhainisteoir), Tomasz Plebanowicz (Ceann Cúraim), Daria Bochnar agus David Macken (Iniúchóirí). Thug Jesús Nieto Muñoz agus Alexandra-Mazilu tacaíocht ghrafach. Thug Richard Moore tacaíocht teanga.



*Ó chlé go deas:* Jesús Nieto Muñoz, Mirko Iaconisi, Daria Bochnar, Jorg Kristijan Petrovič, Martin Puc, Tomasz Plebanowicz, Colm Friel agus David Macken.

# CÓIPCHEART

© An tAontas Eorpach, 2023

Is i gCinneadh Uimh. 6-2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an mbeartas sonraí oscailte agus athúsáid doiciméad a leagtar amach an beartas athúsáide atá ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.

Mura léirítear a mhalairt (e.g. i bhfógraí cóipchirt aonair), déantar ábhar na Cúirte Iniúchóirí atá faoi úinéireacht an Aontais a cheadúnú faoi cheadúnas *Creative Commons* – Sannadh 4.0 Idirnáisiúnta (CC BY 4.0). Mar riail ghinearálta, dá bhrí sin, ceadaítear athúsáid ar choinníoll go dtugtar aitheantas cuí agus go léirítear aon athruithe. Ní fhéadfaidh aon duine atá ag baint athúsáid as ábhar na Cúirte Iniúchóirí an bhunbhrí ná an teachtaireacht a shaobhadh. Ní bheidh an Chúirt Iniúchóirí faoi dhliteanas i leith aon iarmhairt a bhaineann le hathúsáid.

Caithfear cead breise a fháil má léirítear daoine príobháideacha inaitheanta in ábhar ar leith, e.g. i bpictiúir d'fhoireann na Cúirte Iniúchóirí, nó má tá oibreacha tríú páirtí san áireamh.

I gcás ina bhfaightear an cead sin, cuirfidh sé an cead ginearálta thuasluaite ar ceal agus tiocfaidh sé ina ionad, agus beidh sé ráite go soiléir sa chead nua má tá aon srianta eile ann maidir le húsáid.

D'fhéadfadh sé gur gá cead a lorg go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt chun ábhar nach leis an Aontas Eorpach é a úsáid nó a atáirgeadh.

Fíor 5 – Deilbhíní: Dearadh an fhíor trí acmhainní a úsáid ó Flaticon.com. Gach ceart ar cosaint.

Maidir le bogearraí nó doiciméid atá cumhdaithe ag cearta maoine tionsclaíche, amhail paitinní, trádmharcanna, dearaí cláraithe, lógónna agus ainmneacha, tá siad eisiata ó bheartas athúsáide na Cúirte.

Tá naisc chuig suíomhanna gréasáin tríú páirtí le fáil ar shuíomhanna gréasáin an Aontais Eorpaigh atá san fhearann europa.eu. Ós rud é nach bhfuil aon smacht ag an gCúirt orthu sin, moltar duit a mbeartais príobháideachais agus chóipchirt a léamh go cúramach.

**Úsáid lógó CIE**

Ní fhéadtar lógó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a úsáid gan toiliú a fháil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa roimh ré.



| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| HTML | ISBN 978-92-849-0395-5 | ISSN 2529-3370 | doi:10.2865/68548 | QJ-AB-23-015-GA-Q |
| PDF | ISBN 978-92-849-0371-9 | ISSN 2529-3370 | doi:10.2865/510930 | QJ-AB-23-015-GA-N |

Cuireann an clár NextGenerationEU deontais agus iasachtaí ar fáil do Bhallstáit chun tacú lena dtéarnamh eacnamaíoch tar éis phaindéim COVID-19. Cisteoidh an Coimisiún an clár trí suas le €807 mbilliún i mbannaí AE a eisiúint ar na margaí caipitil. Rinneamar measúnú féachaint ar fhorbair an Coimisiún córais éifeachtacha chun bainistíocht a dhéanamh ar an bhfiachas a gineadh chun NGEU a mhaoiniú. Fuaireamar amach gur bhunaigh an Coimisiún an straitéis chistiúcháin agus na socruithe eagraíochtúla go tapa, rud a d'fhág go rabhthas in ann na cistí riachtanacha a chur ar fáil go tráthúil. Mar sin féin, ní mór coigeartú a dhéanamh ar na hacmhainneachtaí bainistíochta fiachais a cruthaíodh go pras chun go mbeidh siad i gcomhréir le dea-chleachtas seanbhunaithe. Níor dhírigh an Coimisiún a dhóthain ar chuspóirí straitéiseacha a leagan síos, ná ar fheidhmíocht i mbainistíocht fiachais a thomhas agus a thuairisciú. Tá moltaí éagsúla á ndéanamh againn chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin.

Tuarascáil speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa de bhun Airteagal 287(4), an dara fomhír, CFAE.


CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh



EUROPEAN COURT OF AUDITORS
12, rue Alcide De Gasperi
1615 Luxembourg
LUXEMBOURG

Teil. +352 4398-1

Fiosrúcháin: eca.europa.eu/en/Pages/ContactForm.aspx
Suíomh gréasáin: eca.europa.eu
Twitter: @EUAuditors